# An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

## Tuarascáil Bhliantúil

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Commission for Aviation Regulation

2020



# Clár an Ábhair


Réamhrá 2

01. Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta 3

02. Rialáil Eacnamaíoch 6

03. Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh 12

04. Ceadúnú do Thrádáil Taistil 19

05. Cearta Aerphaisinéirí 25

06. Seirbhísí Corparáideacha 32

07. Faisnéis Airgeadais 37

08. Aguisín 45

# Réamhrá



**Cathy Mannion**
An Coimisinéir

Tá COVID-19 i ndiaidh tionchar tromchúiseach a imirt ar thionscal na heitlíochta agus ar an tionscal taistil. Mar léiriú ar an méid sin, chuaigh 32.9m paisinéir trí Aerfort Bhaile Átha Cliath i 2019 agus tháinig titim ar an líon sin gur 7m a bhí ann anuraidh. Le linn 2020, chuireamar ár gclár oibre in oiriúint lena chinntiú go bhféadfaimis freagraí a thabhairt dár bpaisinéirí chomh maith le freagraí rialála agus tacaíocht a thabhairt do na tionscail atá á rialú againn.

Chuireamar comhairle ar 6,850 duine aonair maidir lenagcearta, rinneamar 3,947 gearán a réiteach agus thugamar cuidiú do phaisinéirí €1.25m a bhaint amach in íocaíocht, mar thoradh ar obair a rinne ár bhfoireann um Chearta Aerphaisinéirí.

Bliain an-deacair a bhí ann d'earnáil na trádála taistil. Faoi dheireadh na bliana, bhí ceadúnas ag 181 tionscnóir turas agus gníomhaire taistil i gcomparáid le 211 in 2019. D'fhág roinnt cuideachtaí an margadh, ní raibh ceadúnas de dhíth ar chuid eile (mar gheall ar Brexit) agus bhí sé chás dócmhainneachta ann. I ndiaidh na dócmhainneachta, fuaireamar 3,620 éileamh ó chustaiméirí in aghaidh na scéime um chosaint ar dhócmhainneacht.

I nDeireadh Fómhair 2019, d'fhoilsíomar ár gcinneadh maidir le huasleibhéal na muirear in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Rinne Ryanair agus Aerfort Bhaile Átha Cliath achomharc ina aghaidh. Chuir an tAire Iompair painéal achomhairc ar bun go luath in 2020 agus dhiúltaigh an painéal sin do gach pointe achomhairc diomaite de dhá cheann.

I mí an Mheithimh, d'fhoilsíomar páipéar comhairliúcháin le plé a dhéanamh ar an dóigh ar chóir don rialáil praghsanna COVID-19 a fhreagairt. I mí na Nollag, d'eisíomar cinneadh ina leagtar amach cad é mar ba chóir praghsanna uasta 2020 agus 2021 a ríomh. I gcinneadh 2019, rinneamar clár infheistíochta €2.4bn a fhaomhadh. Leagamar amach próiseas i 2020 chun an sceideal a bhaineann le tionscadail mhóra chaipitil a shocrú i gcomhthéacs na paindéime.

Cuireadh stop sealadach le pionóis airgeadais a chur i bhfeidhm i gcásanna nár bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath spriocanna cáilíochta seirbhíse amach; mar gheall ar shrianta agus bearta a bhaineann leis an scaradh sóisialta a d'fhág go raibh sé deacair ag seirbhísí feidhmiú mar is gnách. Bíodh sin mar atá, rinneamar monatóireacht ar cháilíocht na seirbhíse agus d'fhoilsíomar tuarascálacha go ráithiúil. Is dócha go ndéanfaimid athbhreithniú eile ar chinneadh 2019 de réir mar a éabhlóideoidh an cás maidir le COVID-19.

Bhí mé féin i mo bhall de thascfhórsa eitlíochta ar chuir an tAire Iompair ar bun é agus a raibh an Dr Chris Horn ina chathaoirleach air. I mí Iúil, foilsíodh tuarascáil ina ndearnadh dhá mholadh déag arb é is aidhm dóibh a chinntiú go n-athosclófar an t-aerthaisteal ar bhealach sábháilte agus go bhféadfar nascacht dhomhanda na hÉireann a théarnamh sna blianta atá romhainn mar chuid de théarnamh foriomlán gheilleagar na hÉireann.

Chuireamar tús lenár ról nua i 2020 mar rialtóir eacnamaíochta ar an Rannóg um Sholáthraithe Seirbhísí Aerloingseoireachta in Údarás Eitlíochta na hÉireann. Caithfear amharc arís ar phlean feidhmíochta na hÉireann agus ar mhuirir na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta de bharr na paindéime. D'fhoilsíomar páipéar comhairliúcháin i mí na Samhna agus táimid ag dréim le plean feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoi bhráid an AE i bhfómhar 2021.

Bhí 17 aeriompróir ceadúnaithe agus 45 láimhseálaí ar an talamh ceadúnaithe ann i 2020. I mí Aibreáin, ceapadh scrúdaitheoir chuig CityJet DAC agus d'fhág an chuideachta scrúdaitheoireacht i mí Lúnasa. I mí na Nollag, ceapadh scrúdaitheoir chuig Norwegian Air International Limited. Bhí an próiseas ar siúl go fóill ag deireadh na bliana.

Tharraing an Ríocht Aontaithe siar ón Aontas Eorpach ar an 1 Feabhra 2020 agus, le linn na bliana, bhíomar ag obair le sealbhóirí ceadúnais agus páirtithe leasmhara i gcomhthéacs na n-impleachtaí maidir le ceadúnú agus faomhadh mar gheall ar Brexit.

Bhíomar ag obair go dlúth ar bhonn leanúnach leis an Roinn Iompair agus lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann d'fhonn an clár athchóirithe rialála a chur chun cinn. Táimid ag dréim le go dtiocfaidh sé sin chun deiridh sa dara leath de 2021.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na baill fhoirne atá agam as a thiomanta agus atá siad, agus don aon bhall foirne sealadach déag ar chuireamar fáilte rompu chuig an gCoimisiún chun cuidiú linn lenár gcuid oibre ina ndírítear ar thomhaltóirí; tá a mbunús siúd ag obair ón mbaile ó bhí Márta 2020 ann. Mar is léir ón méid atá roimhe seo, bhí dúshlán ag baint leis an obair, obair nach raibh beartaithe den chuid is mó ag tús na bliana.

Agus sinn ag féachaint chun cinn, beimid ag obair go dlúth lenár bpáirtithe leasmhara agus leanfaimid ar aghaidh lenár gclár oibre a chur in ord nua tosaíochtaí agus a chur i gcrích, le páirt a ghlacadh in aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a `bhaineann le COVID-19 san earnáil seo.

# 01.

# Eolas faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta

Is é an Coimisiún rialtóir neamhspleách eacnamaíoch na hÉireann ar an earnáil eitlíochta agus bunaíodh é i 2001. Déantar cur síos ar fhreagrachtaí an Choimisiúin thíos.

## Rialáil Eacnamaíoch

- Caidhp phraghais a chuireann teorainn leis an méid ioncaim ar féidir le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) a bhailiú in aghaidh an phaisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.
- Comhlíonadh na Treorach Eorpaí um Muirir Aerfoirt (2009/12/CE), ina leagtar amach na híoschaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú i straitéis mhuirir aerfoirt, a chinntiú.
- Na muirir a thoibhíonn aerfoirt ar aerlínte chun seirbhísí a mhaoiniú do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta a cheadú, de réir mar is gá.
- Táillí a ghearrann údaráis aerfoirt ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne maidir le rochtain a fháil ar na suiteálacha atá de dhíth chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar a cheadú.
- Stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoin Rialachán Leithroinnte Sliotán a shonrú, ag ceapadh éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal nuair is gá. Na paraiméadair chomhordaithe d'aerfoirt Chomhordaithe a fhógairt- faoi láthair, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath comhordaithe agus tá na haerfoirt Éireannacha eile Neamhchomhordaithe.
- Is é an tÚdarás Maoirseachta Náisiúnta é an Coimisiún le rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair.

## Ceadúnú agus Ceaduithe

- Ceadúnú a thabhairt d'aeriompróirí bunaithe in Éirinn a iompraíonn paisinéirí, post nó lastas ar íocaíocht agus/nó ar cíos.
- Gnólachtaí a cuireadh ar bun in Éirinn agus taobh amuigh den AE agus a dhíolann nó a chuireann ar díol pacáistí nó socruithe taistil gaolmhara san AE/in Éirinn faoi seach a rialú.
- Ceadúnú a thabhairt do ghníomhairí taistil atá bunaithe in Éirinn agus do thionscnóirí turas a dhíolann taisteal thar lear.
- Scéim bannaithe do ghníomhairí ceadúnaithe taistil agus tionscnóirí ceadúnaithe turais a riar agus éilimh a phróiseáil má théann gníomhaire taistil nó tionscnóir turas as gnó.
- Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhanta agus ionchúiseamh a dhéanamh nuair is gá.
- Faomhadh a dheonú do chuideachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne.

## Cearta Aerphaisinéirí

- Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le cealuithe eitiltí, moilleanna níos faide ná dhá uair an chloig agus cásanna ina ndiúltaítear cead bordála nó ina ndéantar seirbhísí a íosghrádú do gach eitilt atá le himeacht ó aerfoirt Éireannacha agus d'eitiltí a thagann isteach go haerfoirt Éireannacha ó thíortha neamh-AE (má tá iompróirí atá ceadúnaithe ag an AE á bhfeidhmiú).
- Fiosraíonn gearáin a bhaineann le cabhair faighte ag paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta nuair a bhíonn áirithint á déanamh acu, iad ag taisteal trí aerfort laistigh d'Éirinn nó ag bordáil eitilte ag imeacht ó aerfort Éireannach.

# Key Statistics

## Rialáil Eacnamaíoch

**70%**

Tháinig laghdú níos mó ná **70%** ar aerthrácht in Aerfort Bhaile Átha Cliath i 2020 i gcomparáid le 2019 de dheasca COVID-19.

## An Trádáil Taistil

**165**

Rinneamar **165** comhlacht taistil a cheadúnú agus a chur faoi bhanna.

## Cearta Aerphaisinéirí/ Daoine a bhfuil a Soghluaisteacht Laghdaithe

**6,850**

Chuireamar comhairle ar **6,850** duine aonair maidir lena gcearta ar an bhfón agus/ nó ar an ríomhphost.

**EUR1.25m**

Chuireamar tús le **4,543** gearán a fhiosrú, chuireamar **3,947** acu i gcrích, agus thugamar cúnamh do phaisinéirí le **EUR 1.25** milliún ar an iomlán a fháil in aisíocaíochtaí agus mar chúiteamh.

## Ceadúnú Aeriompróirí agus Láimhseáil ar an Talamh

**45**

Rinneamar **45** cuideachta a cheadú atá i mbun gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh.

**17**

Rinneamar **17** aeriompróir atá bunaithe in Éirinn a cheadúnú.

# 02.

# Rialáil Eacnamaíoch



**Adrian Corcoran**
Stiúrthóir Rialála Eacnamaíche

Is é Adrian Corcoran an Stiúrthóir Rialála Eacnamaíche. Tá sé freagrach as rialáil eacnamaíoch Aerfort Bhaile Átha Cliath, comhordú sliotán agus faomhadh táillí a bhaineann le rochtain ar shuiteálacha agus paisinéirí atá faoi mhíchumas luaineachta. Ceapadh é don ról seo i Mí na Nollag 2014 tar éis dó a bheith ag obair roimhe sin mar Eacnamaí sa Choimisiún. Tá PhD san Eacnamaíocht aige.


## Tionchar COVID-19 ar an Tionscal

Tá COVID-19 i ndiaidh tionchar an-mhór ar fad a imirt ar an tionscal eitlíochta le bliain anuas, agus bhí aerthrácht na hEorpa i mí na Nollag 63% níos ísle ná a bhí anuraidh. Bhí an trácht iomlán paisinéirí in aerfort Bhaile Átha Cliath i 2020 beagán os cionn 7 milliún, i gcomparáid le 32.9 milliún i 2019. Cé go raibh téarnamh sealadach beag le brath san Eoraip le linn shamhradh 2020 ó thaobh tráchta de, bhí téarnamh i bhfad níos lú le brath in Éirinn. Ós rud é go bhfuil srianta COVID-19 i ndiaidh éirí níos déine ar fud an domhain ó mhí Lúnasa, tá líon na n-eitiltí agus líon na bpaisinéirí ag titim i rith an ama nó ag fanacht ar leibhéal íslithe. Faoi mar atá cúrsaí faoi láthair, tá tionscal na heitlíochta fós ag tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le srianadh costais. San am céanna caithfidh an tionscal a bheith ábalta freagairt go gasta nuair a bheidh téarnamh ann ó thaobh tráchta de. Tá sé go fóill deacair pleanáil le haghaidh 2021 agus ina dhiaidh cionn is go bhfuil a lán éiginnteachta ann faoin amlíne théarnaimh a bheidh ann. Táthar ag meas gur idir 2 bhliain go 6 bliana a bheidh i gceist.

**7 milliún**

Trácht paisinéirí ina iomláine in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2020 i gcomparáid le 32.9 milliún i 2019.

**Cairt 1:** Líon Paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i 2019 i gcomparáid le 2020



## An Plean Straitéiseach a Chur i bhFeidhm

Is é príomhchuspóir straitéiseach na rannóige eacnamaíche seirbhísí aerfoirt atá éifeachtúil, ar ardchaighdeán agus feasach ar an tsábháilteacht a dhreasú. Tá ceithre chuspóir agus roinnt gníomhartha ann atá lárnach chun an cuspóir seo a bhaint amach. Léirítear i gCairt 2 na nithe ar dhírigh ár gcuid oibre isteach orthu i 2020, agus i measc na nithe sin bhí na ceithre chuspóir a bhí againn agus cuspóir ginearálta de chuid an Choimisiúin. Tugtar achoimre sna paragraif seo a leanas ar an obair a rinneamar i 2020, agus an t-eolas leagtha amach de réir gach cuspóir ar leith.

## Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

### An Painéal Achomhairc maidir le Cinneadh 2019

Chuir an tAire Iompair painéal achomhairc ar bun ar an 4 Feabhra 2020 le hachomharctha ag Ryanair agus ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheas i dtaca le Cinneadh 2019 maidir le huasleibhéal na muirear aerfoirt in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tháinig an painéal ar chinneadh i mí na Bealtaine, i ndiaidh aighneachtaí scríofa agus éisteachtaí ó bhéal a bheith ann. Dhiúltaigh an painéal don chuid is mó de na pointí achomhairc, agus tháinig siad ar an gconclúid nach ndearna an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta botún agus gur thug an Coimisiún aird chuí ar an ábhar. Níor cuireadh san áireamh sa phróiseas achomhairc imeachtaí a tharla ó foilsíodh Cinneadh 2019, teacht na paindéime ar an gceann is suntasaí acu.

Tugadh dhá phointe ar ais chuig an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta lena mbreithniú tuilleadh. Bhain an chéad cheann faoina raibh gá le conair cheithre bliana le go mbainfeadh Aerfort Bhaile Átha Cliath amach éifeachtúlachtaí ó thaobh costais oibríochta de. Sa chonair, rinneadh achoimre ar chaiteachas oibriúcháin le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath inar leagadh amach aistriú rianúil chuig leibhéal níos éifeachtúla ó thaobh caiteachas oibriúcháin de in imeacht thréimhse an chinnidh. Sa dara dul síos, moladh go ndéanfaí feidhmiú matamaiticiúil fhoirmle chostais curtha ar aghaidh an chaiteachais oibriúcháin a mheas tuilleadh (atreorú ar thacaigh An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta leis). I ndiaidh dó tabhairt faoi chomhairliúchán, rinne an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta cinneadh an chonair i dtaca le caiteachas oibriúcháin le haghaidh 2022 agus 2023 a bhaint as, ar an ábhar gur glacadh leis, nuair a rinneadh é a mheas níos mó, gur leor tréimhse dhá bhliain leis an leibhéal cuí éifeachtúlachta ó thaobh caiteachas oibriúcháin de a bhaint amach. Mar gheall air sin, tháinig laghdú an-bheag ar uasleibhéal na muirear aerfoirt in aghaidh an phaisinéara, faoi mar a léirítear i dTábla 1 ar an gcéad leathanach eile.

Rinneadh sásra an chostais curtha ar aghaidh a leasú chun costais a chur san áireamh ar bhonn níos seasta, costais a bhfuil éiginnteacht ag baint leo ag am an chinnidh, agus a bhfuil sé taobh amuigh de raon feidhme Aerfort Bhaile Átha Cliath iad a chur ar aghaidh chuig an gcaidhp phraghais taobh istigh de thréimhse an chinnidh. Dearadh an fhoirmle le tuilleadh solúbthachta a thabhairt d'Aerfort Bhaile Átha Cliath le linn thréimhse an chinnidh maidir le costais nach féidir a sheachaint.

**Cairt 2:** **Cuspóirí Straitéiseacha a nDearnamar Obair Orthu i 2020**

**Spriocanna Eacnamaíocha**

Seirbhísí aerfoirt éifeachtúla ar ardchaighdeán ina bhfuiltear feasach faoin tsábháilteacht

| Cuspóir 1 | Cuspóir 2 | Cuspóir 3 | Cuspóir 4 | Cuspóir 2 an Choimisiúin |
|---|---|---|---|---|
| Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú. | Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú. | Spriocanna éifeachtúla costais na bPleananna Feidhmíochta a mheasúnú faoin Scéim le haghaidh Aerspás Eorpach Aonair | Dul i gcomhairle go héifeachtúil le páirtithe leasmhara agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhaint amach |

**Tábla 1:** An tAthrú atá tagtha ar Mhuirir Uasta Aerfoirt mar gheall ar Achomhairc

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | Meán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam Uasta in aghaidh an Phaisinéara** (Cinneadh 2019) | €7.50 | €7.50 | €7.88 | €8.12 | €8.32 | €7.87 |
| **Ioncam Uasta in aghaidh an Phaisinéara** (Achomharc 2020) | €7.50 | €7.50 | €7.75 | €8.05 | €8.32 | €7.82 |

## Freagra ar Rialáil Praghsanna i bhFianaise COVID-19

D'fhoilsíomar páipéar comhairliúcháin i Meitheamh 2020, le plé a dhéanamh ar an dóigh ar chóir don rialáil praghsanna COVID-19 a fhreagairt. I ndiaidh na bhfreagraí ar chomhairliúchán a mheas, foilsíodh dréachtchinneadh ar athbhreithniú eatramhach ar Chinneadh 2019. Leis sin, moladh gach truicear agus gach coigeartú ar na caidhpeanna praghais le haghaidh 2020 agus 2021 a bhaint as, chomh maith le coigeartuithe a bhaineann leis na blianta sin, a d'imreodh tionchar ar an gcaidhp phraghais i mblianta amach anseo, a bhaint as freisin. Bhí a lán de na truicir agus na coigeartuithe sin bunaithe ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ag cur tionscadail chaipitil i gcrích. I bhfianaise tosca mar atá siad faoi láthair, níl na dreasachtaí sin fóirsteanach a thuilleadh, agus b'fhéidir go mbeadh torthaí neamh-inmhianaithe ann dá bharr.

Thugamar isteach próiseas nua comhairliúcháin ionas gur féidir sceideal a leagann amach le haghaidh tionscadail chaipitil mhóra cheadaithe, ar an ábhar gur gá na tionscadail sin a athmheas i gcomhthéacs na paindéime. Sa dréachtchinneadh, luadh gur chóir go mbeadh comhaontú ann i measc úsáideoirí an aerfoirt go bhfuil gá leis an tionscadal go fóill, nó go bhfuil sé riachtanach le haghaidh comhlíonadh sábháilteachta nó rialála. Sa Chinneadh Críochnaitheach, tugadh le fios maidir leis na paisinéirí a ndéanann aerlínte ionadaíocht orthu, na haerlínte a dhéanann aighneachtaí mar fhreagra ar an gcomhairliúchán, go gcaithfidh 50% de na paisinéirí sin comhaontú le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir leis an ngá tionscadail chaipitil mhóra áirithe a chur chun cinn i 2021.

Rinne Aerfort Bhaile Átha Cliath bailiú iomarcach ar an gcaidhp phraghais ex-ante i 2020, cé gur mheasamar sa chinneadh críochnaitheach go mbeadh an teacht isteach 65% níos lú ná a tuaradh. Mar gheall ar shrianta COVID-19, bhí i bhfad níos lú paisinéirí ar gach eitilt, agus rinneadh i bhfad níos mó lasta a phróiseáil ná a dhéantar de ghnáth. I ndiaidh dom an fhianaise maidir leis an ábhar sin a athbhreithniú, ba léir go raibh clár na muirear socraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar dtús d'fhonn an chaidhp phraghais a chomhlíonadh, agus gur tharla an bailiú iomarcach mar gheall ar thosca a bhain go sonrach le 2020 agus teacht na paindéime.

Mar sin, mholamar gurbh é an beart ab fhóirsteanaí a bheadh ann ná an tsraith caidhpeanna a chur in áit na caidhpe ex-ante a bheadh ag teacht le clár na muirear a bhí i bhfeidhm in Aerfort Bhaile Átha Cliath i 2020. D'fhág sé sin nárbh éigean d'Aerfort Bhaile Átha Cliath aisíocaíochtaí a eisiúint ag baint le 2020. Níor bhain sé sin ach le 2020. Tá an chaidhp uilíoch phraghais €7.50 le haghaidh 2021 ann i gcónaí.

Foilsíodh an Cinneadh Críochnaitheach maidir leis an Athbhreithniú Eatramhach i Nollaig 2020, a bhí ag teacht den chuid is mó leis an dréachtchinneadh. Táthar ag súil le go ndéanfar athbhreithniú nó athbhreithnithe breise ar Chinneadh 2019 de réir mar a théann an tréimhse ar aghaidh, agus de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí i dtaca le COVID-19.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Chomhairliúchán

Bhí an t-athbhreithniú bliantúil ar mhuirir aerfoirt in Aerfort Bhaile Átha Cliath ann i mí na Nollag 2020. Chuaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath i mbun idirphlé a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus a oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir um Muirir Aerfoirt.

## Pionóis maidir le Cáilíocht Seirbhíse á gcur ar fionraí mar gheall ar COVID-19

I mí an Mhárta, d'fhógraíomar go ndéanfaí pionóis airgeadais a bhaineann le spriocanna cáilíochta seirbhíse a chur ar fionraí. Ba ghá an beart sin a chur i bhfeidhm mar gheall ar fhás ar na srianta agus bearta a bhaineann leis an scaradh sóisialta a d'fhág go raibh sé deacair ag seirbhísí feidhmiú mar is gnách. Bhí sé dúshlánach chomh maith, de bharr na srianta, sonraí a bhailiú ar cháilíocht seirbhíse san aerfort, mar bhí sé níos deacra suirbhéanna aghaidh ar aghaidh a dhéanamh de bharr na riachtanas maidir leis an scaradh sóisialta.

Tá monatóireacht á déanamh againn ar bhonn leanúnach ar cháilíocht na seirbhíse san aerfort, na bearta atá ar fáil á n-úsáid againn, agus foilsítear tuarascálacha ar ár suíomh gréasáin uair sa ráithe. Rinneadh an cinneadh seo i dtús báire le haghaidh mhí an Mhárta agus mhí Aibreáin, ach cuireadh síneadh gan teorainn leis. Ní raibh aon phionóis ann le haghaidh 2020 ná 2021 nuair a cuireadh an Athbhreithniú Eatramhach i gcrích.

## Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara sa phróiseas Cinnteoireachta a threisiú

### Próiseas StageGate le haghaidh Tionscadail Infheistíochta Caipitiúla a chur i bhfeidhm

I gCinneadh 2019, thugamar isteach próiseas nua, StageGate, le haghaidh tionscadail infheistíochta caipitiúla ar scála mór. Fágfaidh próiseas StageGate go bhféadfaidh níos mó solúbthachta a bheith i gceist leis an raon feidhme agus costas a bhaineann le tionscadail mhóra chaipitiúla i rith na tréimhse rialála. Déanann Aerfort Bhaile Átha Cliath, úsáideoirí an aerfoirt, an Coimisiún agus Suirbhéir Neamhspleách Ciste costas forbartha tionscadal a mheasúnú ar bhonn leanúnach, a imríonn tionchar sa deireadh ansin ar an liúntas deiridh in aghaidh costais don tionscadal. Tugadh liúntais tosaigh StageGate 0 i gcás 17 tionscadal an t-am seo. I mí an Mheithimh 2020, chuireamar an chéad bhabhta de phróiseas StageGate i gcrích, a bhain le dhá thionscadal: Athshlánú Bhealach Innealta W2 agus Caighdeáin Scagtha an Bhagáiste Boilg i dTeirminéal 2. San athbhreithniú a rinne an Suirbhéir Neamhspleách Ciste ar thogra Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le raon feidhme agus costas an Bhealaigh Innealta, tugadh faoi deara méadú 5% i liúntas StageGate 1 i gcomparáid le StageGate 0. Léirigh aerlínte imní ag an tráth sin ach, nuair a rinneadh athbhreithniú ar an bhfianaise a bhí ag baint leis, tháinig an Suirbhéir Neamhspleách Ciste gur méadú réasúnta a bhí ann. Ní raibh aon phointí suntasacha easaontais ann i dtaca leis an togra le haghaidh tionscadal HB3 i dTeirminéal 2, agus deimhníodh nach ndéanfaí athrú ar an liúntas mar a bhí i gceist le StageGate 0.

Bhí dara babhta ann i mí Dheireadh Fómhair, nuair a díríodh ar Scagadh Bagáiste Boilg Chaighdeán 3 i dTeirminéal 1. Mhol Aerfort Bhaile Átha Cliath liúntas StageGate 1 de €192m, ach tháinig an Suirbhéir Neamhspleách Ciste ar an gconclúid gurbh é €183m an costas éifeachtúil. Ghlac Aerfort Bhaile Átha Cliath leis sin ina dhiaidh, agus níor chuir formhór na n-aerlínte ina choinne. Níor thoiligh Ryanair, áfach, go rachadh an tionscadal ar aghaidh trí StageGate 1 ar bhonn an mholta de €183m a thug an Suirbhéir Neamhspleách Ciste. Dá bharr sin, tá liúntas StageGate 1 don tionscadal sin ag teacht le StageGate 0 faoi láthair, is é sin €160m.

## Iomaíocht a Chur Chun Cinn agus Iontráil Nua a Éascú

### Paraiméadair Chomhordaithe a Rolladh ar Aghaidh

I mí Aibreáin, shocraíomar na paraiméadair chomhordaithe le haghaidh gheimhreadh 2020 chun teacht le féilire comhordaithe sliotán an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta. D'fhógraíomar paraiméadair shamhradh 2021 níos moille sa bhliain, i mí Mheán Fómhair. Níor tháinig aon athrú ar na paraiméadair chomhordaithe le haghaidh na séasúr sceidealaithe sin thar na cinn a bhí ann i 2019. Is mar sin a bhí cúrsaí ar an ábhar go raibh ionchais níos ísle éilimh ann agus ní rabhthas in ann trácht a thuar go cruinn de dheasca COVID-19.

### Riail Áitiúil Nua chun Laghdú Acmhainne a chur i bhfeidhm

D'fhoilsíomar Riail Áitiúil i mí Iúil 2020 le próiseas a chur ar bun chun acmhainn laghdaithe a bhainistiú, dá dtarlódh a leithéid a bheith ag teastáil mar gheall ar bhearta a bhaineann le COVID-19. Ar an ábhar go bhfuil leibhéil tráchta íseal i gcónaí, níor ghá go fóill an próiseas seo a chur ar siúl.

Faoin riail seo, tabharfar léiriú d'iompróirí maidir leis an laghdú ar gá leis, agus dhéanfaí an laghdú sin a thomhas bunaithe ar acmhainneacht in aghaidh na huaire agus in aghaidh an lae lena chinntiú gur leithroinnt chothrom a bheadh ann i measc na n-iompróirí. Mura n-úsáidfí sliotáin stairiúla sna tosca sin, ní imreodh sé sin tionchar ar theidlíochtaí stairiúla san am atá le teacht.

### Smachtbhannaí i leith Mí-Úsáid Sliotán

D'eisigh Comhordaitheoir Bhaile Átha Cliath roinnt rabhadh i 2020, ach níor tháinig aon smachtbhannaí airgeadais mar thoradh orthu.

## Muirearú agus Feidhmíocht Seirbhísí Aerloingseoireachta faoi na Rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair

### Rialachán Éigeandála an AE maidir le Spriocanna Aerthráchta a chur i bhfeidhm

Thug an AE isteach rialacháin éigeandála aerthráchta faoi bhearta eisceachtúla le haghaidh thréimhse thagartha 3[1] (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe don Aerspás Eorpach Aonair i bhfianaise phaindéim COVID-19[2].

---

[1] Is ag tagairt don tríú tréimhse rialála den Scéim Feidhmíochta le haghaidh Aerspás Eorpach Aonair, 2020-2024, atá tréimhse thagartha 3.

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020R1627&qid=1604477086805&from=EN

Luadh iontu sin an gá athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna agus pleananna feidhmíochta a cuireadh isteach i 2019. Chun teacht leis na rialacháin nua sin, chuireamar faisnéis ar fáil maidir le tuartha tráchta agus costais sholáthraí seirbhíse aerloingseoireachta Údarás Eitlíochta na hÉireann, seirbhísí meitéareolaíochta agus na nÚdarás Maoirseachta Náisiúnta le go bhféadfar spriocanna feidhmíochta a shocrú ar fud an Aontais. Tabharfar na spriocanna sin chun críche go luath i 2021.

### Plean Feidhmíochta Nua a fhorbairt

Thosaíomar ag obair ar phlean athbhreithnithe fheidhmíocht Éireannach bunaithe ar an rialachán nua seo, agus d'fhoilsigh comhairliúchán i mí na Samhna 2020. Sa chomhairliúchán sin, leagadh amach amlíne beartaithe mar aon le modheolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun an plean feidhmíochta a chur ar bun. Deimhníodh an amlíne sin ina dhiaidh sin, i mí na Nollag, agus ó shin tá tús curtha againn leis an obair chun an Plean Feidhmíochta a fhorbairt.

### Comhairliúchán maidir le Rátaí Aonaid le haghaidh 2021

Chuamar i mbun comhairliúcháin le húsáideoirí aerspáis i mí Iúil 2020 maidir le rátaí aonaid seirbhísí aerloingseoireachta don bhliain 2021. Sa chomhairliúchán, breathnaíodh chomh maith ar an sásra roinnte riosca costais a chuireann ar a cumas don tseirbhís aerloingseoireachta aon chistiú a thagann as tearc-chaitheamh ar thionscadail áirithe a choinneáil, ach má bhíonn róchaitheamh ann, caithfidh an tseirbhís an difear a dhíol. Ní raibh aon easaontas ann maidir leis an sásra roinnte riosca costais a chur i bhfeidhm agus tugadh chun críche é mar a moladh é i dtús báire. Cuirfear sásra nua ina ionad i dtréimhse thagartha 3.

## Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

### Páirt Ghníomhach a Ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa

Bhíomar ag obair ar dhá pháipéar i mbliana le Fóram Thessaloniki. Sa chéad pháipéar, breathnaíodh ar an scipéad rialála agus ar leithroinnt costas agus rinneamar cathaoirleacht ar an bhfoghrúpa a scríobh é. Sa pháipéar, déantar na modheolaíochtaí maidir le leithroinnt na gcostas a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh córais déscipéid agus córais scipéad hibrideach go sonrach, chomh maith leis na dúshláin atá roimh údaráis mhaoirseachta neamhspleácha leithroinnt costas a dhearbhú. Bhíomar mar chuid den fhoireann scríbhneoireachta don dara páipéar: Muirir Aerfoirt agus Ceisteanna Comhshaoil. Sa pháipéar seo, rinneadh éagsúlachtaí a fhiosrú idir muirir aerfoirt atá ann ar mhaithe le cuspóirí comhshaoil. Glacfaimid páirt ghníomhach ar bhonn leanúnach i bhFóram Thessaloniki.

## Ag Breathnú ar Aghaidh go 2021

De thoradh ar COVID-19, is deacair a bheith ag tuar cá huair a chuirfear tús le téarnamh an tionscail eitlíochta. I láthair na huaire, tá an chuma ar an scéal go gcoinneofar an líon paisinéirí faoi shrian sa chéad leath de 2021. Is dócha gur gá athbhreithniú eatramhach eile a dhéanamh i 2021 ar Chinneadh 2019.

Táimid ag plé le páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach agus ag tabhairt faoi straitéis a fhorbairt maidir le hacmhainneacht a scaoileadh isteach sa mhargadh a bhaineann le Rúidbhealach Thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích. Fógróimid paraiméadair acmhainneachta Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomhréir leis an amlíne atá leagtha síos le haghaidh gníomhaíochtaí comhordaithe.

Táimid ag obair i gcónaí ar phlean athbhreithnithe feidhmíochta na hÉireann a fhorbairt le haghaidh thréimhse thagartha 3 faoi na rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair. Is é an spriocdháta faoinar chóir an plean seo a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ná an 1 Deireadh Fómhair 2021.

Glacfaimid páirt ghníomhach ar bhonn leanúnach i bhFóram Thessaloniki.

# 03. Ceadúnú Aeriompróirí agus Ceaduithe um Láimhseáil ar an Talamh



**David Hodnett**
An Leas-Choimisinéir/Stiúrthóir Gnóthaí Dlí

Is é David Hodnett Ard-Abhchóide agus Leas-Choimisinéir an Choimisiúin. Aturnae é a tháinig isteach sa Choimisiún i 2003. Tá sé freagrach as Gnóthaí Dlí, Ceadúnú Aeriompróirí agus Cearta Aerphaisinéirí.

Is é an Coimisiún a dhéanann na córais cheadúnaithe agus cheadaithe a riar in Éirinn d'aeriompróirí agus do láimhseálaithe ar an talamh. Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus ceadaithe i rith 2020.

**Tábla 2: Líon Ceadúnas agus Ceaduithe, 2020**

| | Aeriompróirí (Ceadúnas Oibríochta) | Láimhseálaithe ar an Talamh (Ceaduithe) | |
|---|---|---|---|
| | | Aerlínte Féinseirbhíse | Soláthraithe Tríú Páirtí |
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Eanáir 2020 | 16 | 9 | 40 |
| *Ceadúnais/ Ceaduithe nua* | 1 | 1 | 1 |
| *Ceadúnais a cúlghaireadh/a tugadh suas* | 0 | 0 | 3 |
| Sealbhóirí ceadúnais, 31 Nollaig 2020 | 17 | 10 | 38 |

Bliain dhúshlánach a bhí ann i mbliana mar gheall ar thionchar phaindéim dhomhanda COVID-19. Maidir leis an bhfoireann atá freagrach as aeriompróirí agus láimhseálaithe ar an talamh a cheadúnú, rinneadh an t-aistriú chuig an obair sa bhaile a bhainistiú go maith a d'fhág go raibh leanúnachas seirbhíse ann. Ceapadh ball amháin foirne chuig ról eile ar feadh tréimhse sé mhí, ar bhonn páirtaimseartha, chun tacú lenár gcomhghleacaithe atá ag plé leis an Trádáil Taistil dul i ngleic leis an méid mór éileamh a bhí ann mar gheall ar chlistí a bhí ann de dheasca na paindéime.

Bhí tionchar ag Brexit ar obair na foirne le linn na bliana agus sinn ag plé le sealbhóirí ceadúnais agus páirtithe leasmhara éagsúla maidir le himpleachtaí i dtaca le ceadúnú agus faomhadh de bharr Brexit.

Níorbh fhéidir cuairteanna comhlíonta a thabhairt ar shealbhóirí ceadúnais le linn 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus comhairle an Rialtais agus an chomhairle Sláinte Poiblí a bhí ag baint leis an bpaindéim. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chúrsaí agus tá sé beartaithe aige tús a chur le cuairteanna comhlíonta arís ach na dálaí a bheith fóirsteanach chuige sin. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh go cianda mar is gnách.

## Ceadúnais d'Aeriompróirí

Ag deireadh 2020, bhí 17 aeriompróir atá bunaithe in Éirinn ceadúnaithe ag an gCoimisiún le dul i mbun oibríochtaí tráchtála aeriompair. Méadú d'aon cheann amháin é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Eisíodh ceadúnas nua oibríochta chuig Sonas Aviation Teoranta (ACASS Ireland Limited mar atá anois) i Márta 2020.

Fuarthas trí iarratas nua ar cheadúnas oibríochta sa ráithe dheireanach den bhliain agus bhí gach ceann acu idir lámha go fóill ag deireadh 2020. Tá liosta iomlán suas chun dáta sealbhóirí ceadúnais oibríochta ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Le linn na bliana, cuireadh monatóireacht rialta i bhfeidhm ar na sealbhóirí ceadúnais go léir lena chinntiú gur comhlíonadh an reachtaíocht ábhartha maidir le ceadúnú a bhaineann le hoiriúnacht airgeadais, clúdach árachais, agus sealbhú agus rialú. Rinneamar monatóireacht leanúnach go dlúth ar staid airgeadais aeriompróirí, go háirithe iad siúd a bhfuil staid airgeadais níos laige ag baint leo. Leis sin a dhéanamh, rinneamar sonraí airgeadais a chur isteach níos minice agus bhí cruinnithe rialta againn.

Tá ceadúnais faoi réir athbhreithnithe dhá bhliain i ndiaidh iad a dheonú ar dtús. Rinneadh athbhreithniú mar sin go mall i 2020, a bhí go fóill ar bun ag deireadh na bliana. Táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích an t-athbhreithniú sin faoi dheireadh Eanáir 2021.

Eisíodh diosca ceadúnais chuig oibreoirí aerárthaí beaga agus chuig oibreoirí héileacaptar lena gcur ar taispeáint i ngach ceann dá n-aerárthaí ceadúnaithe mar atá liostaithe ar a nDeimhniú Aeroibreora, arna eisiúint ag Údarás Eitlíochta na hÉireann. Rinneadh é sin go chun go mbeadh modh ann lena dheimhniú go réidh ceadúnas a bheith ag oibreoir.

Fuaireamar naoi n-aighneacht le linn 2020 ó aeriompróirí Éireannacha a tionscnaíodh faoi Airteagal 8 (5) den Rialachán maidir le Ceadúnú, a éilíonn go dtabharfar fógra don Choimisiún sula ndéantar aon athruithe suntasacha ar scála a gcuid gníomhaíochtaí[3], sula mbíonn aon chumaisc nó éadálacha beartaithe ann, nó i gcásanna a mbíonn athrú ar úinéireacht agus rialú ann. Caithfidh an t-aeriompróir na hathruithe a leagan amach go mionsonraithe agus go beacht agus, anuas air sin, féadfaidh an Coimisiún iallach a chuir air plean athbhreithnithe gnó a chur isteach má mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atá

[3] Féadtar na nithe seo a áireamh leis na hathruithe ábhartha: aersheirbhís nua a bheith ag feidhmiú chuig mór-roinn nó réigiún domhanda nár freastalaíodh air nó uirthi roimhe, athruithe sa líon aerárthach nó sa chineál atá á fheidhmiú nó aon athrú eile i scála a gcuid gníomhaíochtaí.




**Diosca Ceadúnais Aeriompróra 1**

á bhfógairt ar chúrsaí airgeadais aeriompróra. Sa chás go mbaineann na hathruithe le haerárthaigh nua a oibriú, is gá don Choimisiún sonraí árachais a scrúdú chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na riachtanais chuí, chomh maith le sonraí an mhodha éadála (e.g. ceannach/léasú) agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann leis an gconradh.

Léirítear i dTábla 3 thíos achoimre ar an líon aighneachtaí a fuarthas faoin Airteagal seo i 2020 de réir an chineáil fógra:

## COVID-19: Bearta Faoisimh don Earnáil Eitlíochta ag Leibhéal an AE

Le linn 2020, thug an Coimisiún Eorpach isteach mionathruithe sealadacha ar fhorálacha áirithe atá cheana ann faoi Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, mar gheall ar phaindéim COVID-19. An cuspóir a bhí leis na mionathruithe sealadacha ná a chur ar a gcumas don Choimisiún Eorpach agus d'údaráis náisiúnta dul i ngleic ar bhonn níos fusa le cuid d'iarmhairtí diúltacha phaindéim COVID-19, agus chun drochthionchar na n-iarmhairtí sin ar an earnáil eitlíochta a mhaolú fad a mhairfidh an ghéarchéim. I measc na mbeart sealadach sin, rinneadh leasú ar an rialú maidir le ceadúnú aeriompróirí i gcás na bhfadhbanna airgeadais a bhfuil paindéim COVID-19 mar chúis leo.

**Tábla 3:** Aighneachtaí faoi Airteagal 8 (5), 2020

| Cineál Fógra faoi Airteagal 8 (5) | Líon aighneachtaí 2020 |
|---|---|
| Sula ndéantar aon athruithe suntasacha ar an scála gníomhaíochtaí (lena n-áirítear athruithe ar chineál nó líon na n-aerárthach a úsáidtear) | 3 |
| Roimh aon chumaisc/éadálacha beartaithe | 0 |
| Athrú ar úinéireacht agus rialú | 6 |

I gcomhréir le hAirteagal 9 (1) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, caithfidh Ballstáit ceadúnas oibríochta aeriompróra a fhionraí nó a chúlghairm nuair is léir, bunaithe ar mheasúnú, nach bhfuil an t-aeriompróir ábalta a chuid oibleagáidí iarbhír agus a chuid oibleagáidí ionchasacha a chomhlíonadh go ceann tréimhse 12 mhí. Mar mhalairt rogha, féadfar ceadúnas sealadach a dheonú. Is dócha go mbeidh a lán aerlínte ann a bhí folláin ó thaobh airgeadais de sula raibh géarchéim COVID-19 ann a bheidh i gcás ina bhfágfar, mar gheall ar a staideanna leachtacha, go mbeidh gá dlíthiúil lena gceadúnas oibríochta a fhionraí nó a chúlghairm, nó ceadúnas sealadach a dheonú ina ionad. I gcomhthéacs na géarchéime reatha, tá baol ann go gcruthófaí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis agus gan buntáiste soiléir eacnamaíoch ná sábháilteachta a bheith i gceist leis. Ar an ábhar sin, chuir an Coimisiún Eorpach an oibleagáid fhoirmiúil seo le haghaidh Ballstát ar fionraí, maidir le measúnuithe ar tugadh fúthu faoi Airteagal 9 (1) idir 1 Márta 2020 agus 31 Nollaig 2020, fad is nach bhfuil baol sábháilteachta ann agus gur dócha, go réadúil, go mbainfear atógáil shásúil airgeadais amach sna 12 mhí dá éis sin.

Le linn na tréimhse sin, bhí oibleagáid ar Bhallstáit i gcónaí monatóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht airgeadais a n-aeriompróirí le paisinéirí a chosaint ar rioscaí sábháilteachta iomarcacha agus le go mbeidís ábalta faisnéis ábhartha a chur ar fáil d'údaráis sábháilteachta.

I mí na Nollag 2020, chuir an Coimisiún Eorpach síneadh ama leis na mionathruithe sealadacha thuas go dtí an 31 Nollaig 2021 mar gheall ar an laghdú i rith an ama ar an leibhéal aerthráchta de dheasca phaindéim COVID-19.

## CityJet DAC

Cheap an Ard-Chúirt Scrúdaitheoir Eatramhach le haghaidh CityJet DAC in Aibreán 2020. Tá an chuideachta ag feidhmiú go príomha mar oibritheoir léasa fhliuch le haghaidh aeriompróirí eile agus sealbhóir cheadúnas oibríochta Chatagóir A arna eisiúint ag an gCoimisiún is ea í.

Is é is léasú fliuch ann ná socrú ina n-úsáideann aerlíne a haerárthach agus a criúnna féin le heitiltí a chur ar fáil thar ceann aerlíne custaiméara.

Lorg an chuideachta cosaint na cúirte ar a creidiúnaithe i bhfianaise deacrachtaí airgeadais a d'éirigh níos measa mar gheall ar theacht COVID-19.

Ceapadh an Scrúdaitheoir go foirmiúil ar an 27 Aibreán 2020 agus cuireadh tús le Scéim Comhshocraíochta, ar scéim í a bheadh le comhaontú le creidiúnaithe ar fad na cuideachta. D'oibrigh an Scrúdaitheoir leis an gcuideachta fosta le hinfheistíocht chothromais a dhaingniú lena chinntiú go mairfidh an chuideachta mar ghnóthas leantach. Ar an 11 Lúnasa 2020, dheimhnigh an Ard-Chúirt moltaí an Scrúdaitheora maidir le Scéim Comhshocraíochta agus scaoileadh an chuideachta saor ón Scrúdaitheoireacht. Ar an ábhar gurb é an Coimisiún an t-údarás ceadúnaithe, bhí sé mar Pháirtí fógra sna himeachtaí thuas. Leagtar amach faoi Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 a bhfuil de chumhacht ag údarás ceadúnaithe maidir le leanúnachas ceadúnais i gcomhthéacs deacrachtaí airgeadais. Sa chomhthéacs sin, caithfidh an Coimisiún athbhreithniú mion a dhéanamh ina cheart féin ar staid airgeadais na cuideachta agus, bunaithe ar na torthaí sin, athbhreithniú a dhéanamh ar stádas an cheadúnais oibríochta. An seasamh atá againn maidir leis an bpróiseas Scrúdaitheora ná go raibh an Coimisiún neodrach ó thaobh an phróisis sin de agus go bhfanfadh sé leis an bhfaisnéis ábhartha airgeadais a bhí ag teastáil sula gcuirfí tús lenár ról faoi Airteagal 9 den Rialachán maidir le ceadúnú. Cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích le linn Eanáir 2021 agus níor tháinig aon athrú as ar stádas an Cheadúnais Oibríochta a bhí ag CityJet DAC.

### Norwegian Air International Limited

Ar an 18 Samhain 2020, cheap an Ard-Chúirt Scrúdaitheoir Eatramhach chuig Norwegian Air International Limited (NAI) agus chuig roinnt cuideachtaí gaolmhara sa Ghrúpa Norwegian. Tá ceadúnas oibríochta Chatagóir A ag NAI arna eisiúint ag an gCoimisiún sa bhliain 2014. Bhí NAI ar an gcéad aerlíne cheadúnaithe a bhí ag an nGrúpa san AE, agus bíonn sí ag feidhmiú ar aerbhealaí san Eoraip. Cuireadh tús le próiseas comhuaineach atógála fosta faoi dhlí na hIorua.

Ceapadh an Scrúdaitheoir go foirmiúil ar an 7 Nollaig 2020. Faoi mar atá i gceist leis an bpróiseas a luaitear thuas maidir le CityJet DAC, cuireadh tús leis an obair chun plean athstruchtúraithe a chur i bhfeidhm ina iomláine agus chun airgeadas breise a fhoinsiú do na cuideachtaí ábhartha. Bhí an próiseas Scrúdaitheoireachta go fóill ar bun ag deireadh 2020 agus, ar an ábhar gurb é an Coimisiún an t-údarás ceadúnaithe, bhí sé mar Fhógrapháirtí sna himeachtaí.

Ar aon dul le cás Scrúdaitheoireacht CityJet, caithfidh an Coimisiún athbhreithniú mion a dhéanamh ina cheart féin ar staid airgeadais na cuideachta agus, bunaithe ar na torthaí sin, athbhreithniú a dhéanamh ar stádas an cheadúnais oibríochta i gcomhthéacs Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. Tá an Coimisiún ag fanacht leis an bhfaisnéis ábhartha airgeadais a chuirfidh ar a chumas tabhairt faoin athbhreithniú sin faoi Airteagal 9.

### Brexit

D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar an 1 Feabhra 2020. Sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, a tháinig i bhfeidhm ar an dáta sin, leagadh amach na téarmaí a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón AE agus rinneadh foráil le haghaidh idirthréimhse a mbeadh feidhm ag dlí an Aontais ar an Ríocht Aontaithe, agus inti, lena linn. Tháinig deireadh leis an idirthréimhse sin ar an 31 Nollaig 2020 nuair a d'fhág an Ríocht Aontaithe Margadh Aonair agus Comhaontas Custaim agus gach beartas de chuid an AE, agus tháinig deireadh dlí an AE a bheith i bhfeidhm ar an Ríocht Aontaithe agus inti.

Thángthas ar chomhaontú maidir leis an gcaidreamh a bheidh idir an AE agus an Ríocht Aontaithe feasta ar an 24 Nollaig 2020. Mar chuid den chomhaontú sin bhí Comhaontú Trádála agus Comhair a bhfuil Comhaontú Aerthaistil cuimsitheach mar chuid de. Tá feidhm ar bhonn sealadach ag an gComhaontú ón 1 Eanáir 2021, ar feitheamh daingniúcháin.

Bhí an Coimisiún ag plé le sealbhóirí ceadúnais agus páirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach le linn 2020 i gcomhthéacs na n-impleachtaí ar cheadúnú agus faomhadh de dheasca Brexit.

### Córas Éifeachtúil Ceadúnaithe a Oibriú

Le linn 2020, chuireamar i gcrích na moltaí eile a aithníodh in Iniúchóireacht neamhspleách i 2018 ar ár bpróisis cheadúnúcháin d'fhonn a chinntiú go bhfuil an córas ceadúnaithe is éifeachtúla againn.

In Eanáir 2021, d'eisíomar féilire comhlíonta arís do shealbhóirí ceadúnais, féilire a tharraingíonn aird ar na dátaí comhlíonta is tábhachtaí le linn na bliana chun cabhrú le sealbhóirí ceadúnais na riachtanais éagsúla faisnéise a thiocfaidh chun cinn i 2021 a chomhlíonadh. Tá achoimre san fhéilire ar na ceanglais mhonatóireachta agus chomhlíonta uile a thiocfaidh chun cinn agus eolas faoin bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil léi maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, tugtar liosta de na himeachtaí a mbíonn ceadú an Choimisiúin ag teastáil roimh ré ina leith nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre faisnéise freisin ainm an duine teagmhála a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

Le linn 2020, bhíomar ag obair ar bhonn leanúnach lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann maidir le ceisteanna a bhain le ceadúnú aeriompróirí. Rinneadh an obair sin i gcomhréir leis an gcomhaontú maidir le faisnéis a roinnt atá againn agus táimid ag tnúth leis an gcumasc atá beartaithe idir an Coimisiún agus Rannóg na Rialála Sábháilteachta in Údarás Eitlíochta na hÉireann agus na deiseanna a bheidh ann de bharr an phróisis athchóirithe rialála sin lenár bpróisis a chomhordú a thuilleadh i réimse an cheadúnaithe.

### Comhoibriú

Go luath i 2020, shínigh an Coimisiún Meabhrán Comhair leis an Údarás Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta san Iorua ionas go mbeadh creat ann le haghaidh comhordaithe agus le líne chumarsáide a chur ar bun i réimsí amhail an fhormhaoirseacht airgeadais agus an úinéireacht agus an rialú, go háirithe mar a bhaineann le haeriompróirí atá mar chuid de struchtúr Grúpa níos mó agus a bhfuil ceadúnais oibríochta faoi leith acu in Éirinn agus san Iorua araon. Leis an Meabhrán Comhair, cuirtear deis ar fáil chomh maith chun faisnéis a roinnt ar thopaicí leasa choitinn chun críocha na ról atá againn faoi seach faoi Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.

Tá an chéim sin ag teacht le cuid de na moltaí a cuireadh chun cinn mar chuid de Mheastóireacht an CE ar Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 maidir le comhoibriú idir údaráis ábhartha laistigh de gach Ballstát ar cheisteanna amhail maoirseacht airgeadais. Tugtar aird chomh maith ar Airteagal 26 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 maidir le Comhar.

Le linn 2020, bhí roinnt cruinnithe/díospóireachtaí againn lenár gcomhghleacaithe i mBallstáit eile maidir le nithe a éiríonn faoi Rialachán (CE) 1008/2008, go háirithe mar a bhaineann le haeriompróirí atá mar pháirt de struchtúir Ghrúpa agus a bhfuil roinnt ceadúnais oibríochta eile acu ar fud an AE.

Tá sé i gceist againn deiseanna ar bith le haghaidh comhoibriú níos dlúithe a chur chun cinn lenár gcomhghleacaithe i mBallstáit eile lenár ról monatóireachta a láidriú sa réimse sin.

## Ceaduithe le haghaidh Láimhseáil ar an Talamh


Bhí 10 gcinn de láimhseálaithe féinseirbhíse ceadaithe ar an talamh ann (i.e. nuair a dhéanann an aerlíne rogha go soláthróidh sí féin seirbhísí láimhseála ar an talamh di féin) ag deireadh 2020 agus bhí 38 ceann de sholáthraithe seirbhísí láimhseála ceadaithe ar an talamh ann nó láimhseálaithe ceadaithe tríú páirtí ann (i.e. cuideachta atá i mbun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, cibé acu an aerlíne nó cuideachta thiomanta láimhseála ar an talamh atá inti). As na láimhseálaithe féinseirbhíse ceadaithe, tá 3 cinn acu sin ceadaithe chomh maith chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil do thríú páirtithe. Cé go raibh láimhseálaí féinseirbhíse amháin breise ann le linn 2020, tháinig laghdú ar líon na soláthraithe ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh agus tugadh trí cheadú suas go deonach. Coimeádtar liosta iomlán suas chun dáta de na sealbhóirí ceadaithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Léirítear i gCairt 3 anailís ar líon na láimhseálaithe féinseirbhíse agus na soláthraithe ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh de réir aerfoirt.

Le linn 2020, fuair an Coimisiún ceithre iarratas nua ar cheadú mar láimhseálaí féinseirbhíse nó mar sholáthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh. Eisíodh ceaduithe chun na gcuideachtaí seo a leanas le linn na bliana:

Bhí dhá iarratas ann a bhí go fóill á meas ag deireadh 2020.

Tugadh suas go deonach an ceadú láimhseála tríú páirtí a bhí ag Etihad Technical Ireland Limited le linn na bliana, i ndiaidh don chuideachta cinneadh

**Cairt 3:** **Láimhseálaithe Ceadaithe de réir Cineáil agus Aerfoirt 2020**



a dhéanamh a hoibríochtaí cothabhála a thabhairt chun críche in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tugadh suas go deonach an ceadú tríú páirtí a bhí ag BCT Aviation Maintenance Limited, cuideachta atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, ag deireadh na bliana, i ndiaidh do na

| Ainm na Cuideachta | Suíomh an Aerfoirt | An Cineál Ceadaithe |
|---|---|---|
| American Airlines Inc. | Baile Átha Cliath, Corcaigh, An tSionainn | Láimhseáil Féinseirbhíse |
| Lightning Aviation Limited | Baile Átha Cliath, Corcaigh, An tSionainn | Soláthraí seirbhísí láimhseála ar an talamh |

baill foirne agus conarthaí a bhí cheana ann a aistriú chuig cuideachta atá cláraithe in Éirinn, Lightning Aviation Limited. An cuspóir a bhain leis an aistriú ná comhsheasmhacht oibríochtaí a chinntiú i gcomhthéacs Brexit. De réir Rialacháin 7 (2) de I.R. Uimh. 505 de 1998, ní mór go mbeadh soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh ag aerfoirt ábhartha Éireannacha bunaithe sa Chomhphobal chun rochtain a fháil ar an margadh láimhseála ar an talamh agus chun a bheith i dteideal Ceadú Láimhseála ar an Talamh.

Le linn na bliana, scrúdaigh an Coimisiún iarratas ó dnata Catering Ireland Limited an ceadú a bhí aige cheana féin a leasú le go bhféadfaí seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar in Aerfort na Sionainne. Ceadaíodh an t-iarratas. Cheadaigh an Coimisiún iarratas ó Delta Airlines Inc. a cheadú láimhseála féinseirbhíse a leasú ionas go gcuirfí seirbhísí áirithe láimhseála ar an talamh san áireamh a bhaineann le Riarachán agus Maoirseacht ar an Talamh agus Láimhseáil Paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Go mall i 2020, chuir Signature Flight Support Dublin Limited isteach iarratas ar leasú ar cheadú le go ndéanfaí a cheadú a bhí cheana ann a leasú go gcuimseofaí Aerfort na Sionainne. Bhí an t-athrú sin ann mar gheall ar chinneadh a rinneadh ag leibhéal an Ghrúpa Signature Flight Support Dublin Limited agus Signature Flight Support Shannon Limited a chumasc. Bheadh Signature Flight Support Dublin Limited fós mar shealbhóir ceadaithe don dá shuíomh aerfoirt amach anseo. Rinneadh an ceadú eile a bhí ag Signature Flight Support Shannon Limited a thabhairt suas ina dhiaidh sin.

Eisítear ceaduithe ar feadh tréimhse chúig bliana. Rinne an Coimisiún naoi gcinn déag de cheaduithe a athnuachan in 2020 nuair a cuireadh an próiseas athnuachan i gcrích go sásúil agus déantar achoimre ar an ngníomhaíocht sin thíos, de réir an chineáil ceadaithe:

**Tábla 4:** Athnuachaintí Láimhseála ar an Talamh 2020 de réir Cineáil

| An Cineál Ceadaithe | Líon na nIarratas ar Athnuachan a Próiseáladh |
|---|---|
| Ceadú Láimhseála Féinseirbhíse (i.e. aerlínte láimhseála féinseirbhíse) | 3 |
| Ceadú tríú páirtí (i.e. soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh) | 12 |
| Ceaduithe Láimhseála Féinseirbhíse agus Ceaduithe Tríú páirtí (aerlínte láimhseála féinseirbhíse a sholáthraíonn seirbhísí láimhseála ar an talamh d'aerlínte eile) | 2 |

## Córas Éifeachtúil Ceadúnaithe a Oibriú

I rith na bliana, cuireadh na sealbhóirí ceadaithe ar fad faoi mhonatóireacht rialta chun comhlíonadh na Rialachán go léir maidir le hoiriúnacht airgeadais agus clúdach árachais, go háirithe, a chinntiú.

Ceann de na spriocanna straitéiseacha atá againn ná díriú ar láimhseálaithe ar an talamh a sholáthar in Éirinn a bheidh sábháilte agus tréan ó thaobh an airgeadais de. Chun é sin a bhaint amach, is é an cuspóir atá againn ná díriú isteach ar chóras éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú agus a chinntiú go bhfuilimid éifeachtach. Le linn 2020, chuireamar i gcrích na moltaí eile a aithníodh in Iniúchóireacht neamhspleách i 2018 ar ár bpróisis cheadúnúcháin d'fhonn a chinntiú go bhfuil an córas ceadúnaithe is éifeachtúla againn.

Go luath i 2021, eisíodh féilire comhlíonta chuig gach sealbhóir ceadúnaithe ina ndírítear aird ar na dátaí is tábhachtaí le linn na bliana ó thaobh an chomhlíonta de. Tá achoimre san fhéilire ar na ceanglais mhonatóireachta agus chomhlíonta uile a thiocfaidh chun cinn agus eolas faoin bhfaisnéis a bhfuiltear ag súil léi maidir le gach aighneacht. Chomh maith leis sin, tugtar meabhrú faoi na himeachtaí a mbíonn ceadú an Choimisiúin ag teastáil roimh ré ina leith nó ar gá iad a fhógairt don Choimisiún roimh ré. Áirítear leis an mbileog achoimre faisnéise freisin ainm an duine teagmhála a d'ainmnigh gach cuideachta le bheith ina theagmhálaí leis an gCoimisiún maidir le gach ceist a bhaineann le monatóireacht chomhlíontachta.

I gcomhréir le Rialachán 18 de I.R. Uimh. 505 de 1998, rinneamar iniúchadh ar na tuairisceáin bhliantúla staidrimh a chuir aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne isteach i gcomhair 2019 le déanamh cinnte go raibh an fhaisnéis a bhí iontu cruinn maidir le líon agus ainmneacha na láimhseálaithe féinseirbhíse agus na soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh atá ag feidhmiú sa mhargadh. Mar chuid den iniúchadh bliantúil sin, seiceáiltear go bhfuil na cuideachtaí ábhartha a oibríonn sa mhargadh ceadaithe sna catagóirí cearta seirbhísí a dtugann siad fúthu.

Le linn 2020, bhíomar ag obair go dlúth leis an Rannóg Shlándála Eitlíochta in Údarás Eitlíochta na hÉireann maidir leis na feidhmeanna maoirseachta atá i gcoitinne againn. Rinneamar plé ar na deiseanna atá ann go mbeidh tuilleadh comhair eadrainn i gcomhthéacs an chumaisc atá beartaithe idir an Coimisiún agus an Rannóg Rialála Sábháilteachta in Údarás Eitlíochta na hÉireann.

### Ag obair le hAerfoirt

Bhíomar ag obair le haerfoirt i 2019 chun próiseas nua géaraithe i gcás nach gcloítear leis na Rialacha Iompraíochta a bhaineann le láimhseálaithe ar an talamh ag aerfoirt, agus as an obair sin is é an cuspóir a bhí againn leanúint ar aghaidh leis an obair sin leis na haerfoirt le linn 2020 maidir leis an gcreat rialála chun tacú leis an láimhseáil ar an talamh.

Bhí cruinniú ann ag Aerfort na Sionainne le haerfoirt sa chéad ráithe i 2020 le tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar céanna. Thángthas ar roinnt pointí le haghaidh gníomhaíochta agus bhí cruinniú eile le bheith againn sa dara nó sa tríú ráithe i 2020. D'fhág teacht COVID-19, áfach, gurbh éigean do na haerfoirt agus don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta tús áite a thabhairt do cheisteanna níos práinne. Dá bhrí sin, rinneadh cinneadh nach mbeadh cruinnithe ar bith eile ann le linn 2020. Tá sé i gceist againn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair thábhachtach seo sa bhliain 2021.

### Bunrialachán Nua EASA (AE) 2018/1139

Tháinig an Rialachán nua do EASA agus do chóras eitlíochta na hEorpa (Rialachán (AE) 2018/1139) i bhfeidhm i Meán Fómhair 2018. Cuimsíonn an Rialachán nua ceanglais maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh. Tá obair á dhéanamh ag leibhéal EASA chun rialacha cur chun feidhme a fhoilsiú, rialacha a mbeidh sé de cheanglas ar láimhseálaithe ar an talamh cloí leo. Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann an t-údarás inniúil don bhun-Rialachán nua. Beidh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta agus Údarás Eitlíochta na hÉireann ag obair le chéile air sin toisc go mbeidh gá le breathnú ar an dóigh a mbeidh na rialacha cur chun feidhme, a luaithe a fhoilseofar iad, ag teacht leis an gcóras láimhseála ar an talamh atá ann cheana in Éirinn agus leis an bpróiseas Ceaduithe atá á riar ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta. Bhí tuilleadh plé ann idir an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta agus Údarás Eitlíochta na hÉireann faoin ábhar sin le linn 2020, agus is é an cuspóir atá ann ná a bheith ag obair i dtreo treoirlínte agus próiseas forfheidhmithe a fhorbairt maidir leis an neamh-chomhlíonadh de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an obair ag leibhéal an EASA.

### Meastóireacht Ex Post ar Threoir 96/67/CE maidir leis an Láimhseáil ar an Talamh

Le linn 2020, thugamar ionchur don Roinn Iompair mar ba chuí mar fhreagairt ar cheistneoir ón nGrúpa Stiúrtha a cheap an Coimisiún Eorpach chun tacú leo meastóireacht ex post a dhéanamh ar Threoir 96/67/CE maidir leis an láimhseáil ar an talamh.

# 04.

# Ceadúnú do Thrádáil Taistil



**Josephine O'Reilly**
Stiúrthóir Airgeadais agus Ceadúnaithe Trádála Taistil

Ball de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte in Éirinn is ea Josephine O'Reilly.

Ghlac sí post leis an gCoimisiún in Aibreán 2001 agus is í an Stiúrthóir Airgeadais agus Ceadúnaithe Trádála Taistil í. Chomh maith leis sin, tugann sí tacaíocht sna réimsí ceadúnaithe aerlínte agus láimhseála ar an talamh.

## Na Rudaí a Dhéanaimid

Is iomaí ról atá ag an gCoimisiún sa réimse seo, mar seo a leanas:

1. Ceadúnais a eisiúint chuig gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil gnó acu i dturais thar lear a cheannach agus a dhíol.
2. Scéim bannaithe a riar do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn.
3. An Ciste Cosanta Taistealaithe (a tógadh trí thobhach a ghearradh ar phaisinéirí tionscnóirí turas idir 1983 agus 1987) a riar. Ní bhaineann sé sin ach le gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas ceadúnaithe amháin.
4. Éilimh maidir le haisíocaíochtaí agus aisdúichiú a phróiseáil i gcás nach féidir le gnó rialaithe a chuid dualgais a chomhlíonadh. Baineann sé seo le héilimh faoin scéim bannaithe chomh maith leis an scéim nóta creidmheasa aisíocaíochta a tugadh isteach mar bheart sealadach in 2020.
5. Cinntiú go gcomhlíonann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann ar fáil pacáistí agus socraithe taistil cuidithe in Éirinn, go gcomhlíonann siad an ceanglas chun an Coimisiún a chur ar eolas faoi na nósanna imeachta árachais atá i bhfeidhm acu.
6. Cinntiú go gcuireann eagraithe atá bunaithe laistigh den AE, a dhíolann nó a chuireann pacáistí agus socraithe taistil cuidithe ar fáil in Éirinn, go gcuireann siad árachas ar fáil dá ndíolachán in Éirinn.
7. Imscrúdú a dhéanamh ar chásanna de thrádáil mhídhleathach líomhnaithe agus ionchúiseamh a dhéanamh nuair is gá.

## Ceadúnú agus Bannú

Eisítear ceadúnais chuig gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil gnó acu i dturais thar lear a cheannach agus a dhíol. Déanann formhór a ndíolachán an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear a shásamh i gcomhréir leis an Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982. I gcásanna a mbíonn díolacháin acu nach ndéanann an sainmhíniú sin a shásamh, ach arb é atá i gceist leo taisteal lánáirithe/socruithe taistil gaolmhara faoin Acht um Shaoirí Réamhóirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, cuirtear cosaint faoi leith ar an dócmhainneacht ar fáil don Choimisiún.

Tá dhá bhabhta ceadúnaithe againn gach bliain, ceann i mí na Bealtaine agus ceann eile i mí na Samhna. Nuair a tháinig COVID-19 go luath i mí an Mhárta, bhí tús curtha cheana féin againn le babhta ceadúnaithe na Bealtaine. De réir mar a d'éirigh éifeachtaí na paindéime níos soiléire, rinneamar ár bpróisis a leasú; is é a bhí i gceist leis sin ná plé le gach sealbhóir ceadúnais maidir lena leachtacht agus cur ar a chumas dó féachaint arís ar a thuartha láimhdeachais.

Bhí ceadúnas ag 165 cuideachta taistil ón gCoimisiún ag deireadh 2020 chun feidhmiú mar ghníomhaire taistil nó mar thionscnóir turas in Éirinn. Bhí idir cheadúnas gníomhaire taistil agus cheadúnas tionscnóra turas ag cuid acu sin.

Le linn na bliana, d'fhág 8 ngnólacht an margadh go hiomlán agus níl siad ceadúnaithe níos mó. Tá 7 ngnólacht eile ann nach bhfuil díolachán dá bhfuil ceadúnas ag teastáil, agus mar sin de níl siad siúd ceadúnaithe níos mó ach oiread. Bhíomar go fóill ag plé le 8 ngnólacht ag deireadh na bliana (ceann amháin acu maidir le hiarratas ar cheadúnas mar ghníomhaire taistil agus tionscnóir turas araon) maidir le hathnuachan a gceadúnais. Theip ar 6 ghnólacht (7 gceadúnas) le linn na bliana.


**Tábla 5:** Líon Ceadúnas 2020

| | Gníomhairí Taistil | Tionscnóirí Turas | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Sealbhóirí ceadúnais, 1 Eanáir 2020 | 180 | 31 | 211 |
| Ceadúnais Nua | 1 | 0 | 1 |
| Ceadúnais nár athnuadh | 24 | 7 | 31 |

D'eisíomar ceadúnas chuig iarratasóir amháin nua agus fuaireamar 46 iarratas maidir le ceadúnas nua le linn na bliana.

Mar atá le feiceáil thuas, tá líon na gceadúnas a eisítear ag laghdú le blianta beaga anuas. Sa bhliain 2019, tharla sé sin mar gheall ar gur trasuíodh Treoir (AE) 2015/2032 agus, in 2020, mar gheall ar an tionchar a d'imir COVID-19 ar an earnáil.

**Cairt 4:** Gníomhairí Taistil agus Tionscnóirí Turas Ceadúnaithe, 2020




## Príomh-Tháscairí Feidhmíochta

Bíonn dhá bhabhta ceadúnaithe ann gach bliain (Bealtaine agus Samhain). Leagtar amach na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann leis na babhtaí seo sa tábla thíos.

Maidir leis an gcaighdeán a dhéanfaimis iarracht a bhaint amach, níl sé sin bainte amach ag na príomhtháscairí feidhmíochta atá againn. Rinneamar athruithe ar ár bpróisis de dheasca na paindéime atá i ndiaidh tionchar a imirt ar ár bhfeidhmíocht. B'éigean do ghnólachtaí druidim nó a bheith ag obair go cianda, a d'fhág go raibh sé deacair ag gnólachtaí dul chun cinn a dhéanamh ar a n-iarratais ar cheadúnais leis an gCoimisiún.



**Tábla 6:** Táscairí Feidhmíochta 2020

| ETF | Toradh |
|---|---|
| Freagra a thabhairt d'iarratasóirí taobh istigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh | 67% |
| Eisiúint na litreach um Chinneadh i bPrionsabal laistigh de mhí amháin ó dháta taiscthe an iarratais chomhlánaithe | 88% |
| Eisiúint an cheadúnais laistigh de choicís tar éis an Bhanna/na ndoiciméad go léir a fháil | 92% |
| Iniúchadh ar na cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine tar éis iad a fháil | 82% |
| Céatadán d'áitribh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu in aghaidh na bliana (cruinnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta san áireamh) | 2% |

Rinneamar ár bpróisis a nuashonrú chun dul i ngleic le cúrsaí mar a bhí siad ag teacht chun cinn, agus chaitheamar níos mó ama ag obair le sealbhóirí ceadúnais agus iniúchadh á dhéanamh againn ar a gcúinsí airgeadais, a gcuid riachtanas maidir le bannú agus ar an scéim nóta creidmheasa aisíocaíochta nua. Níor tugadh léargas ar an obair sin inár bpríomhtháscairí feidhmíochta.

Thugamar cuairt ar áitreabh ceithre shealbhóir ceadúnais ag tús 2020. Cuireadh ár bplean cuairteanna ar ceal de dheasca shrianta COVID-19. Táimid i ndiaidh a bheith ag plé go leanúnach lenár sealbhóirí ceadúnais agus le comhlachtaí ionadaíochta go cianda.

## Aonáin atá bunaithe i mBallstát eile

Dheimhníomar go raibh urrús ann le haghaidh 20 eagraí atá bunaithe i mBallstáit eile, a chuireann ar a gcumas dóibh trádáil in Éirinn. Gnólachtaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe is ea 18 acu sin atá bunaithe taobh amuigh den AE anois ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

Ós rud é gur sinne pointe lárnach teagmhála na hÉireann faoi Threoir (AE) 2015/2302, tá freagraí tugtha againn ar cheisteanna ó Bhallstáit eile maidir leis an urrús atá ann d'aonáin in Éirinn.

## Aonáin atá bunaithe Taobh Amuigh den Aontas Eorpach

Tá urrús faighte againn ó thrí eagraí atá bunaithe taobh amuigh den AE, a chuireann ar a gcumas dóibh trádáil in Éirinn.

## Socruithe Taistil Gaolmhara á n-éascú ag Trádálaithe

Fuaireamar urrús ó dhá aerlíne atá bunaithe in Éirinn, a rinneamar a dhearbhú, maidir le pacáistí taistil/socruithe taistil gaolmhara a dhíol san AE.

**Tábla 7:** Láimhdeachas faoi Cheadúnú agus Bannú

| Aonáin Cheadúnaithe | 2020 (€m) | | 2019 (€m) | |
|---|---|---|---|---|
| | Banna | PLTO | Banna | PLTO |
| Gníomhaire Taistil (4%) | 22 | 542 | 42 | 1,083 |
| Tionscnóir Turas (10%) | 11 | 112 | 16 | 180 |
| **Iomlán** | **33** | **654** | **58** | **1,263** |

## Monatóireacht Airgeadais

Déantar measúnú ar oiriúnacht airgeadais gach gnólachta mar chuid den phróiseas ceadúnaithe, atá faoi réir monatóireacht leanúnach chomh maith. Mar gheall ar thionchar COVID-19 ar an tionscal, d'oibríomar go dlúth le gach sealbhóir ceadúnais lena leachtacht a mheas agus é ag tabhairt aghaidh ar thionchar chomh tromchúiseach sin ar a staid airgeadais.

Déantar monatóireacht leanúnach freisin ar na leibhéil bhannaithe. Thugamar isteach solúbthacht chuig ár bpróisis le cur ar a gcumas do ghnólachtaí a leibhéil ó thaobh bannaithe de a laghdú leis an laghdú sna díolachán a rabhthas ag dréim leis a chur san áireamh.

Faighimid ráitis bhliantúla airgeadais agus cuntais bhainistíochta ar bhonn ráithiúil, míosúil nó ar bhonn ad hoc. Fuaireamar tuartha maidir le sreabhadh airgeadais ó gach gnólacht i 2020 fosta.

Maidir le haonáin taobh amuigh den chóras ceadúnaithe, is é sin le rá aonáin atá bunaithe taobh amuigh den AE, déanaimid measúnú ar a n-oiriúnacht airgeadais chomh maith. Tá gnólachtaí mar sin faoi réir monatóireacht airgeadais chomh maith, ach ag leibhéal níos ísle. Is mar sin atá cúrsaí óir tá siad sin ag cur árachas lánslánaíochta ar fáil dá ndíolacháin Éireannacha.

## Comhlíonadh Monatóireachta

Rinneamar trí ghearán a fhiosrú i 2020 maidir le trádáil neamhcheadúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. D'ordaíomar do ghnólacht amháin gan pacáistí a fhógairt gan cheadúnas.

## Cosaint Tomhaltóirí

Léirítear i dTábla 7 an laghdú mór ar dhíolachán agus bannaí sa bhliain. Laghdú iarmhír níos mó a bheadh ann ar an ábhar go raibh na gnólachtaí ag tuar go dtiocfadh feabhas ar dhíolachán, san fhómhar ar dtús agus ansin sa gheimhreadh. De réir mar a thuigimid, ní raibh aon fheabhas den chineál sin ann.

Faoin reachtaíocht reatha atá ann, tá ceanglas ar ghníomhairí taistil, tionscnóirí turas, miondíoltóirí agus eagraithe socruithe a chur i bhfeidhm a thugann cosaint don phobal atá ag taisteal má bhíonn cliseadh ann.

Caithfidh aonáin cheadúnaithe banna a chur ar fáil. Déantar an banna a ríomh mar chéatadán de láimhdeachas incheadúnaithe tuartha an ghnólachta. Faoi láthair, tá na bannaí socraithe ag 4% do ghníomhairí taistil agus ag 10% do thionscnóirí turas. Maidir le gach cás eile den taisteal lánáirithe nó de shocruithe taistil gaolmhara, nuair is rud é go gcuirtear tús leis an taisteal in aon Bhallstát eile de chuid an AE, cuireann siad urrús breise ar fáil don Choimisiún as na díolacháin mar árachas lánslánaíochta.

Sa chás nach gclúdaíonn an banna costas na n-éileamh uile, clúdaítear an t-easnamh ón gCiste um Chosaint Taistealaithe. Ní bhaineann sé sin ach le haonáin cheadúnaithe agus ní ach leis na díolacháin atá acu a shásaíonn an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear faoi mar atá san Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982 (arna leasú). €1.3m a bhí sa chiste ag deireadh 2019. Mar gheall ar thús COVID-19 agus an líon clistí a bhí ag tarlú, chuir an Roinn Iompair leis an gciste lena chinntiú go bhfuil an leibhéal cosanta á fháil ag tomhaltóirí a éilítear faoin Treoir.

Is fiú a lua gur dearadh an banna agus an Ciste Cosanta Taistealaithe chun conarthaí taistil thar

lear a chlúdach. Dá bharr sin, caithfear gné thaistil a bheith mar chuid den áirithint, agus caithfear imeacht ó Éirinn a bheith ansin. Ní chlúdaítear a lán seirbhísí nach mbaineann leis an taisteal, árachas taistil, iarratais víosa agus lóistín ina measc.

Maidir le trádálaithe atá bunaithe in Éirinn atá ag déanamh éascaíocht ar shocruithe taistil gaolmhara san AE, caithfidh siad árachas lánslánaíochta a chur ar fáil don neamhchosaint sin.

Maidir le haonáin atá bunaithe in áiteanna eile san AE, tá an chosaint tomhaltóra atá ann i gcomhréir leis na riachtanais atá ag an mBallstát sin den AE.

Maidir le haonáin atá bunaithe taobh amuigh den AE, caithfidh siad siúd árachas lánslánaíochta a chur ar fáil don Choimisiún le haghaidh taisteal lánáirithe nó socruithe taistil gaolmhara ar bith atá ar díol nó a dhíoltar in Éirinn.

Chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú i 2017 ar na socruithe maidir le bannú atá i bhfeidhm agus ar fheidhmiú an Chiste Cosanta Taistealaithe lena chinntiú go raibh siad fós ag comhlíonadh chuspóirí na scéime go héifeachtúil agus go raibh leibhéal cuí cosanta á chur ar fáil don phobal atá ag taisteal.

Sa bhliain 2019, nuair a bhí trasuí Threoir 2015/2302 curtha i gcrích, chuamar ar aghaidh leis an athbhreithniú sin agus is é an deireadh a bhí leis ná gur eisigh an Coimisiún Páipéar 9/2019 an Choimisiúin, Bearta Cosanta Tomhaltóirí na Trádála Taistil-Comhairle ar an Roinn Iompair. De bharr na paindéime in 2020, níor cuireadh an obair sin chun cinn a thuilleadh. Tá sé beartaithe againn leanúint ar aghaidh leis an obair sin i gcomhar leis an Roinn i 2021.

## Clistí Cuideachtaí

Chlis sé chuideachta i 2020, agus rinneadh éilimh in aghaidh a mbanna dá bharr. Seo a leanas na mionsonraí:

- Rathgar Travel Ltd ar an 11 Márta 2020. Fuaireamar 89 éileamh.
- East West Travel Ltd ar an 16 Márta 2020. Fuaireamar 136 éileamh.
- USIT Travel Ltd ar an 27 Márta 2020. Fuaireamar 2,987 éileamh.
- Pamela Brownlee ar an 24 Aibreán 2020. Fuaireamar 131 éileamh.
- SM Tech ar an 15 Bealtaine 2020. Fuaireamar 44 éileamh.
- King Travel Ltd ar an 2 Meán Fómhair 2020. Fuaireamar 233 éileamh.

Is léiriú é sin ar na deacrachtaí a bhí ag an tionscal le linn na bliana.

## Scéim Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta

Leis an Acht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, tugtar an ceart do thaistealaithe aisíocaíocht a fháil ar gach íocaíocht nuair a chuireann an taistealaí nó an t-eagraí saoire réamheagraithe ar ceal mar gheall ar thosca dosheachanta agus eisceachtúil. Is é sin mar a bhí i gcás COVID-19, agus bhí deacrachtaí ann ó thaobh sreabhadh airgid de sa tionscal taistil dá bharr. Thug an Rialtas isteach beart gearrthéarma dar teideal Scéim Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta. Bunaíodh an scéim faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, Rialacháin (Eisíocaíochtaí as an gCiste), 2020. Tá sé ar fáil do ghníomhairí taistil agus tionscnóirí turas, agus ceadúnaithe ag an gCoimisiún, nuair a chlúdóidh an nóta creidmheasa aisíocaíochta díolacháin an sainmhíniú ar chonradh taistil thar lear.

Cuireann an scéim ar a gcumas do chustaiméirí glacadh go deonach le Nótaí Creidmheasa Aisíocaíochta le saoire eile a chur in áirithe san am atá le teacht lena ngníomhaire taistil nó tionscnóir turas. Tugann an Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta cosaintí tábhachtacha don chustaiméir. Más rud é go n-éireoidh gníomhaire taistil nó tionscnóir turas dócmhainneach, tá an Nóta Creidmheasa Aisíocaíochta faoi ráthú an Rialtais.

## Brexit

Le linn na bliana, rinneamar an chomhairle a chuirimid ar an tionscal a nuashonrú chun aird a dhíriú ar na ceanglais atá ar aon ghnólachtaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe atá ag díol pacáistí in Éirinn. D'oibríomar lenár gcomhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe le tuiscint chomhchoiteann ar na ceanglais a chinntiú agus thugamar freagraí ar an topaic seo.

## Suíomh gréasáin

Le linn 2020, rinne an Coimisiún nuashonrú ar an gcuid dá shuíomh gréasáin a bhaineann leis an trádáil taistil leis na ceanglais uasdátaithe reachtaíochta a léiriú nuair a trasuíodh Treoir (AE) 2015/2302 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara. Thugamar isteach fóntas cuardaigh ar ár leathanach baile le go mbeadh sé níos fusa ag tomhaltóirí na cosaintí atá i bhfeidhm a sheiceáil sula ndéanann siad saoire a chur in áirithe. Rinneamar físeáin a ullmhú chun cuidiú le hiarratasóirí agus a n-iarratais á n-ullmhú acu agus d'eisíomar iad sin roimh na babhtaí ceadúnaithe i mí na Bealtaine agus mí na Samhna.

## EGFATT

Tá an Coimisiún ina bhall de Chumann Eorpach na gCistí um Ráthaíocht Taistil agus Turasóireachta. Is eagraíocht uile-Eorpach í a bunaíodh i 2011, agus a bhfuil mar aidhm chomhchoitinn aici an pobal atá ag taisteal a chosaint ar dhócmhainneacht airgeadais tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil agus faisnéis agus dea-chleachtas a roinnt. D'fhreastalaíomar ar chruinniú i mí Eanáir agus ar dhá chruinniú fhíorúla níos moille sa bhliain. I ngach ceann acu, thug na comhaltaí an t-eolas is déanaí maidir le clistí ina dtír féin, an stádas a bhí ag baint le cistí cosanta custaiméirí éagsúla, forbairt ó tugadh isteach Treoir 2105/2302 agus bearta a tugadh isteach chun dul i ngleic le héifeachtaí COVID-19.

## Breathnú ar Aghaidh

Beidh 2021 ina bliain ghnóthach arís don fhoireann. Déanfaimid maoirseacht ar dhá bhabhta ceadúnaithe agus leanfaimid orainn ag cinntiú go bhfuil an t-árachas is gá ag eagraitheoirí atá ag díol agus ag tairscint taistil réamháirithe agus socruithe taistil cuidithe in Éirinn/san AE. Druidfimid próiseas na n-éileamh do na clistí nár cuireadh i gcrích ag deireadh na bliana agus leanfaimid ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara chun cásanna de thrádáil neamhdhleathach líomhnaithe a fhiosrú. Déanfaimid ár bpróisis a shimpliú agus a chuíchóiriú a thuilleadh agus tá beartaithe againn dul i mbun oibre i gcomhar leis an Roinn Iompair maidir le socruithe cosanta tomhaltóirí.

# 05

# Cearta Aerphaisinéirí


Bliain a bhí i 2020 nuair a baineadh amach níos mó ná riamh i gcás Fhoireann an Choimisiúin um Chearta Aerphaisinéirí. Bhí meánleibhéil teagmhálaithe ann ag tús na bliana (thart ar 60 ceist agus 35 gearán nua in aghaidh na seachtaine), ach ón 12 Márta ar aghaidh, de réir mar a rinne tíortha bearta chun scaipeadh COVID-19 a shrianadh a mheas, agus ansin a chur i bhfeidhm, tháinig méadú géar ar líon na gceisteanna scríofa agus scairteanna de réir mar a bhí paisinéirí ar lorg comhairle. Ó thús mhí Aibreáin ar aghaidh, tháinig méadú suntasach ar líon na ngearán nua. Faoi dheireadh mhí na Nollag, cé go raibh líon iontach beag paisinéirí ann, bhíomar fós ag fáil líon ard ceisteanna agus gearán ar leibhéal nach bhfacthas riamh.

Léirítear i gCairt 5 thíos na gearáin agus na ceisteanna a fuarthas gach mí agus déantar miondealú de réir an chineáil.

Mar a bhí i gceist le blianta roimhe seo, bhí sciar de na ceisteanna a bhain le nithe taobh amuigh dár sainchúram. In áit na ngearán maidir le bagáiste agus na gceisteanna maidir le praghsanna a fhaighimid de ghnáth, áfach, bhain na gearáin agus ceisteanna i mbliana le haisíocaíochtaí faoin Treoir maidir le taisteal láneagraithe, agus le cearta nuair nach mbítear ábalta taisteal ar eitiltí oibríochta mar gheall ar shrianta taistil.

Ar an iomlán, chuireamar comhairle ar níos mó ná 6850 maidir lena gcearta ar an nguthán nó ar an ríomhphost. Má bhain a gceist le nithe taobh amuigh dár sainchúram, threoraíomar iad chuig an údarás inniúil ábhartha. Tháinig méadú 27% ar líon na gceisteanna ríomhphoist (3,479) i gcomparáid le 2019 agus tháinig méadú 134% ar líon na scairteanna gutháin, ó 1,857 go 4,342.

**Cairt 5:** Gearáin agus Ceisteanna de réir Cineáil



Sa bhliain 2020, baineadh úsáid as ár bhfoirmeacha gearáin ar líne le 4,543 gearán a chur isteach. D'úsáid 4458 an fhoirm le haghaidh gearán faoi CE261/2004, agus d'úsáid 85 an fhoirm le haghaidh gearán faoi CE1107/2006. Méadú 134% ar na gearáin a cuireadh isteach i 2019, agus méadú 134.5% agus 118% de réir an chineáil gearáin faoi seach.

Sroicheadh buaic i mí Aibreáin, ach faoi mhí na Nollag bhí an fhoireann fós ag fáil níos mó ceisteanna agus gearáin nua ar bhonn seachtainiúil ná mar a d'fhaightí i mbliain ar bith eile riamh. Bhí 374 fiosrú ar bun againn ag tús mhí an Mhárta, agus ní raibh aon riaráiste ann. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh bhí corradh le 849 gearán á bhfiosrú agus 1,229 ag fanacht le go bhfiosrófaí iad.

B'éigean an fhoireann a mhéadú, ar bhonn sealadach, ó chúigear go seachtar, lena chinntiú go dtiocfadh linn ceisteanna a fhreagairt ar bhonn tráthúil agus le moilleanna i bhfiosruithe gearán a sheachaint. Ó thús mhí Iúil, thug an fhoireann 105 gearán i gcrích ar an meán agus, san am céanna, thug freagra ar 150 ceist in aghaidh na seachtaine, ar an meán (65 scríofa agus 85 scairt).


## Cealuithe, Moilleanna, Daoine nár Tugadh Cead Dóibh Dul ar Bord agus Íosghrádú

I bhfianaise na gcúinsí neamhghnácha taistil le linn na bliana, bhain formhór na ngearán le cealuithe eitiltí, seachas moilleanna fada mar a bhí i gceist i mblianta roimhe seo.

**6850**

Líon na ndaoine ar cuireadh comhairle orthu maidir lena gcearta ar an nguthán nó ar an ríomhphost.

**Cairt 6:** Gearáin de réir Cineáil agus Toraidh




**Tábla 8:** Gearáin de réir Cineáil

| Cineál Gearáin | Líon na nGearán | Líon na nGearán Bailí | % na nGearán ina n-iomláine |
|---|---|---|---|
| Cealuithe | 4099 | 2357 | 92% |
| Moill fhada | 286 | 173 | 7% |
| Diúltú ligean ar bord | 71 | 20 | 1% |
| Ísliú céime | 1 | 0 | 0% |
| Uasghrádú | 1 | 0 | 0% |
| **Iomlán** | **4458** | **2550** | **100%** |

Mar gheall ar an líon ard cealuithe, bhí aeriompróirí ag streachailt aisíocaíochtaí a phróiseáil go tráthúil agus bhí cuid aerlínte ann nach raibh ag cur comhairle mar is ceart ar phaisinéirí maidir lena gcearta ó thaobh aisíocaíochtaí de.

**Cairt 7:** Gearáin a Tarraingíodh Siar nó Nár Ceadaíodh de réir cúise




**Fágadh mar sin go raibh 2,550 gearán bailí ann agus gníomh forfheidhmiúcháin ag teastáil ar a son.**

Nuair a rinneadh iad a fhiosrú, fuarthas go raibh 1,908 as na 4,458 gearán CE261/2004 a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i 2020 gan bhunús. Tá miondealú ar na cúiseanna i gCairt 7.

Fágadh mar sin go raibh 2,550 gearán bailí ann agus gníomh forfheidhmiúcháin ag teastáil ar a son.

Faoin 29 Eanáir 2021, bhí tromlach na ngearán bailí sin, 2,039 as 2,550, tagtha ar réiteach leis an aerlíne, i bhfabhar an phaisinéara. Ar an iomlán, tá fiosrúchán curtha i gcrích ag an bhfoireann um Chearta Aerphaisinéirí i gcás 3,947 as na 4,458 gearán (CE) 261/2004 a fuarthas i 2020. Tá na 511 gearán eile á bhfiosrú faoi láthair, agus eisíodh treoracha chuig aeriompróirí i seacht gcinn de na cásanna sin. Fuarthas €1.14 milliún in aisíocaíochtaí ar an iomlán i ndiaidh dúinne idirghabháil a dhéanamh. Tugadh €112,000 eile do phaisinéirí mar chúiteamh i gcás na 2,039 gearán bailí atá tugtha i gcrích.

**€1.14**
**milliún**

Méid na n-aisíocaíochtaí ar an iomlán i ndiaidh dúinn idirghabháil a dhéanamh

Ryanair (48%) agus Aer Lingus (27%) a bhí i gceist le tromlach na ngearán a fuarthas agus bhain an 24% eile de ghearáin le 84 aerlíne eile. Tá 94% de na gearáin a bhain le Ryanair agus 87% de na gearáin a bhain le hAer Lingus tagtha i gcrích agus leagtar amach na torthaí sa tábla thíos.

**Tábla 9:** Torthaí Gearán de réir an Chineáil Gearáin

| Toradh | Cealuithe | Moill | Diúltú ligean ar bord | Íosghrádú & Uasghrádú | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Cúiteamh agus Aisíocaíocht nó Costais | 4 | 6 | 2 | | 12 |
| Cúiteamh (agus é sin amháin) | 42 | 71 | 4 | | 117 |
| Dúblach | 49 | 13 | 3 | | 65 |
| Imthosca Eisceachtúla agus Sárú | 4 | 4 | | | 8 |
| Imthosca Eisceachtúla (agus iad sin amháin) | 38 | 41 | | | 79 |
| Sárú (agus é sin amháin) | 1 | | | | 1 |
| Nár Ceadaíodh | 370 | 57 | 36 | 2 | 465 |
| Aisíocaíocht nó Costais agus Imthosca Eisceachtúla | 1804 | 14 | 4 | | 1822 |
| Tarraingthe siar | 1179 | 35 | 11 | | 1225 |
| **Iomlán** | **3491** | **241** | **60** | **2** | **3794** |

**Tábla 10:** Torthaí Gearán de réir Aerlíne

| **Aerlíne** | Líon Iomlán na nGearán 2020 | Líon na nGearán a Cuireadh i gCrích | Líon na nGearán a Ceadaíodh | Na Gearáin i gCoinne na hAerlíne a Ceadaíodh (%) | Na Gearáin nár Ceadaíodh | Fiosruithe fós ar bun |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ryanair | 2188 | **2060** | 1021 | **50%** | 1039 | 128 |
| Aer Lingus | 1194 | **1040** | 524 | **50%** | 516 | 154 |
| TAP Portugal | 121 | **78** | 48 | **62%** | 30 | 43 |
| KLM | 90 | **82** | 58 | **71%** | 24 | 8 |
| Air France | 89 | **83** | 60 | **72%** | 23 | 6 |
| Air Canada | 79 | **71** | 49 | **69%** | 22 | 8 |
| Lufthansa | 65 | **53** | 27 | **51%** | 26 | 12 |
| Turkish Airlines | 47 | **40** | 17 | **43%** | 23 | 7 |
| Westjet | 41 | **31** | 25 | **81%** | 6 | 10 |
| British Airways | 36 | **25** | 10 | **40%** | 15 | 11 |
| Ethihad | 33 | **28** | 17 | **61%** | 11 | 5 |
| Air Transat | 31 | **16** | 2 | **13%** | 14 | 15 |
| Vueling | 31 | **29** | 20 | **69%** | 9 | 2 |
| Emirates | 27 | **21** | 12 | **57%** | 9 | 6 |
| Aegean Airlines | 25 | **13** | 8 | **62%** | 5 | 12 |
| United Airlines | 22 | **17** | 10 | **59%** | 7 | 5 |
| Delta | 21 | **16** | 8 | **50%** | 8 | 5 |
| Iberia | 21 | **16** | 9 | **56%** | 7 | 5 |
| Blue Air | 20 | **7** | 2 | **29%** | 5 | 13 |
| Swiss Airlines | 20 | **18** | 15 | **83%** | 3 | 2 |
| Aeroflot | 19 | **16** | 11 | **69%** | 5 | 3 |
| Transavia | 16 | **14** | 11 | **79%** | 3 | 2 |
| Qatar Airways | 16 | **11** | 3 | **27%** | 8 | 5 |
| Icelandair | 15 | **4** | 4 | **100%** | 0 | 11 |
| 62 aerlíne eile | 191 | **158** | 68 | **43%** | 90 | 33 |
| **Iomlán** | **4,458** | **3,947** | **2,039** | | **1,908** | **511** |

Bhí 456 (CE) 261/2004 fiosrú ar an iomlán ó bhlianta roimhe seo fós ar siúl chomh maith, agus mar sin bhí 4,914 gearán gníomhach ann i 2020.

## Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta

Bhain 81 as na 85 gearán a cuireadh isteach ar fhoirm ghearáin Rialachán (CE) 1107/2006 le fadhbanna nárbh fhéidir a réiteach faoin rialachán sin. Bhain siad sin le gearáin maidir le nithe nár tháinig faoi shainchúram an Choimisiúin agus, in dhá chás déag, bhí an fhoirm chontráilte comhlánaithe ag an bpaisinéir, a atreoraíodh chuig foirm (CE) 261/2004.

Na 4 ghearán a bhí fágtha, ba ghearáin bhailí iad agus bhí gá iad a imscrúdú. Cuireadh ceann de na gearáin sin ar aghaidh go dtí an Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmiúcháin i mBallstát eile mar gur tháinig sé faoina shainchúram.

Maidir leis na trí cinn eile, bhain na fadhbanna a ardaíodh iontu le heachtraí a tharla ag aerfoirt Éireannacha nó le linn eitiltí a d'fhág aerfort Éireannach, bhí éagsúlacht iontu, ina measc:


- Beartais suíocháin aerlínte, áit ar chuir paisinéirí suíocháin in áirithe agus go dúradh leo ina dhiaidh sin nárbh fhéidir leo na suíocháin réamháirithe sin a úsáid, nó, gur bogadh iad go suíocháin eile agus iad ag bordáil.
- Easpa rochtain phoiblí, i bhformáid inrochtana, ar na rialacha agus beartais sábháilteachta a chuireann aerlínte i bhfeidhm maidir le hiompar daoine atá faoi mhíchumas agus daoine atá faoi mhíchumas luaineachta, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hiompar trealaimh míochaine agus luaineachta agus beartais shuíocháin.
- Easpa comhsheasmhachta i gcumarsáid agus i gcur i bhfeidhm beartais agus rialacha na n-aerlínte.
- Caighdeán an chúnaimh, mar atá leagtha amach sa Rialachán, a cuireadh ar fáil do phaisinéirí a ndearnadh damáiste dá dtrealamh luaineachta.

Tá ceann amháin de na trí ghearán tagtha chun críche agus sa chás sin níor aithníodh gur sáraíodh an rialachán. Tá an dá cheann eile fós ar siúl. Níor bhain aon cheann de na gearáin a fuarthas le haistir a tharla, nó a bhí le tarlú, i 2020.

## Obair Eile

D'fhreastalaíomar go cianda ar chruinnithe go náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus bhíomar páirteach iontu. Bhain na cruinnithe leis an dá rialachán, mar aon le tionchar agus bainistiú na paindéime víreasaí i rith an ama. Bhí cruinnithe ag an gCoimisiún Eorpach, ag an Roinn Iompair agus ag an gComhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta i measc na gcruinnithe sin.

I mBealtaine 2019, d'ordaigh an Coimisiún do Ryanair cúiteamh a íoc le cúigear paisinéir ar cuireadh a n-eitiltí ar ceal de bharr stailceanna phíolótaí Ryanair in Iúil 2018. Rinne Ryanair achomharc in aghaidh an chinnidh trí mheán iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú Breithiúnach. Rinneadh an t-ábhar a liostáil lena éisteacht os comhair na hArd-Chúirte ar an 21 Eanáir 2020. Thug an Breitheamh Miriam O'Regan a breithiúnas sa chás sin ar an 12 Feabhra 2020 i bhfabhar an Choimisiúin, inar seasadh lenár bpróisis imscrúdaitheacha agus argóintí dlíthiúla arbh iad cúis leis an gcinneadh a rinneadh sna cásanna sin. Tá rogha déanta ag Ryanair achomharc a dhéanamh in éadan an chinnidh sin agus gheobhaidh an cás éisteacht in am trátha.



# 06.

# Seirbhísí Corparáideacha



**Brian Higgins**
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Tá Brian Higgins ina chomhalta den Institiúid Chairte um Pearsanra agus Forbairt agus tháinig sé isteach sa Choimisiún i mí Iúil 2016 mar Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha. Roimhe sin, bhí gairm bheatha aige sna hAcmhainní Daonna oibríochtúla sa mhonarú, san airgeadas agus san eitlíocht.

Tá sé freagrach as na hAcmhainní Daonna, rialachas corparáideach, sláinte agus sábháilteacht, saoráidí, bainistíocht TFC, soláthar agus caidreamh poiblí.

## Acmhainní Daonna

Bhí 22 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha ar an meán fostaithe ag an gCoimisiún i 2020 (féach an aguisín). Íoctar baill fhoirne ag rátaí ar féidir a chur i gcomparáid go díreach le poist sa tSeirbhís Phoiblí agus tá na rátaí ar fad ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe. Tá tromlach fhostaithe an Choimisiúin ag obair go cianda ó thús Mhárta 2020 de dheasca COVID-19. Bhí líon beag de na baill foirne ag obair san oifig i rith an ama ar bhonn sealaíochta chun tacú lenár n-oibrithe cianda. Ina thaobh sin, chuir an Coimisiún deiseanna solúbtha oibre ar fáil nuair a bhí imthosca eisceachtúla ann agus atá go fóill á gcur ar fáil.

Chuir an Coimisiún Céim 2 dá Phlean don Lucht Saothair i bhfeidhm, a cuireadh isteach i 2019 agus tuilleadh acmhainní á lorg, a d'fhaomh an Roinn Iompair agus an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe. Chuir an Coimisiún tús leis an bpróiseas earcaíochta do na róil sin i mí na Nollag 2020 agus táthar ag súil le go mbeidh na poist sin go léir socraithe faoin dara ráithe i 2021.

Tá an Coimisiún tiomanta i dtaca le deiseanna Foghlama agus Forbartha a chur ar fáil dá bhfostaithe a thacaíonn lena chuspóirí straitéiseacha. Cuireadh mórchuid na ndeiseanna seachtracha Foghlama agus Forbartha siar i 2020, agus faomhadh Plean uasdátaithe Foghlama agus Forbartha a chuirfear i bhfeidhm i 2021.

Chuir an rannóg Acmhainní Daonna sa Choimisiún Clár Folláine le haghaidh fostaithe i gcrích i rith 2020 a bhí thar a bheith fiúntach d'oibrithe cianda. Mar chuid den chlár, bhí gníomhaíochtaí ann a bhain le Folláine Coirp agus Cothú, Meabhairshláinte, Caidreamh agus Neartú, an Fhreagracht Shóisialta agus Foghlaim. Is é is cuspóir don chlár seo agus do chláir amach anseo dualgas cúraim a sholáthar d'fhostaithe agus na huirlisí agus an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil chun folláine dhearfach fostaithe a neartú, a thacaíonn lenár gcuspóirí straitéiseacha dá réir. Glacadh go maith leis an gclár, agus leanfar ar aghaidh le tionscnaimh folláine i 2021.

## Scéimeanna Aoisliúntais

Oibríonn an Coimisiún dhá scéim pinsin. Bunaíodh scéim le sochar sainithe faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Ón 1 Eanáir 2013, caithfidh gach fostaí nua dul isteach i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (mura gceadaítear dóibh dul isteach i scéim an Choimisiúin le sochar sainithe). Déantar an dá scéim pinsin a riar de réir na gceanglas reachtúla agus tá na fostaithe gníomhacha atá ann faoi láthair roinnte 60/40 idir Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (SPSPS) agus an Scéim le Sochar Sainithe (DB), faoi seach.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Rinneamar ár ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a nuashonrú i 2020, chun na hathruithe ábhartha a léiriú ar na nósanna imeachta maidir le haslonnú, ar an measúnú ar riosca agus ar phrótacal sábháilteachta i bhfianaise COVID-19. Mhol an Coimisiún do bhaill fhoirne, ar bhonn leanúnach, an scaradh fisiciúil a chur i bhfeidhm. Leis sin a bhaint amach, baineadh úsáid as comharthaíocht agus póstaeir chuí COVID-19, cuireadh Trealamh Cosanta Pearsanta ar fáil agus cuireadh iallach ar gach ball foirne a bheith ag cianobair, diomaite de na baill foirne siúd a bhí ag tabhairt tacaíocht riachtanach don Choimisiún. Cuirfimid cleachtais shábháilte chun cinn san oifig i rith an ama agus déanfaimid a chinntiú go gcloífear lenár ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus leis na forálacha reachtacha maidir leis an tsábháilteacht.

## Seachfhoinsiú agus Soláthar

Lean an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh lena cuid feidhmeanna riaracháin nach feidhmeanna lárnacha iad a sheachfhoinsiú. Bhain na feidhmeanna sin leis an iniúchóireacht inmheánach, le baill fhoirne shealadacha a earcú, le caidreamh leis na meáin agus le tacaíocht FT agus párolla. San am céanna, bhí ról gníomhach ag an bhfoireann ó thaobh seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar agus a bhainistiú.

Is é is sprioc don fhoireann Seirbhísí Corparáideacha soláthraithe seirbhíse a fháil a bhfuil cleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de ar bun acu, chomh maith le seirbhísí ardchaighdeáin cost-éifeachtúil á dtairiscint acu. Úsáidimid creatlaí na hOifige um Sholáthar Rialtais, seirbhísí ríomhthairisceana agus praghsáil iomaíoch de réir mar is cuí. Chuir na feidhmeanna Seirbhísí Corparáideacha agus Airgeadais den Choimisiún athbhreithniú ar pholasaithe agus nósanna imeachta soláthair an Choimisiúin i gcrích i 2020. Rinneadh Polasaí Soláthair nuashonraithe a fhaomhadh agus a dháileadh mar chuid de sin. Rinne feidhm na Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú ar a creataí reatha ón Oifig um Sholáthair Rialtais agus ar chomhaontuithe seirbhíse eile, a bhfuil 29 acu ann, agus cuireadh athruithe i bhfeidhm mar ba chuí.

Tá nósanna imeachta soláthair an Choimisiúin i gcomhréir le treoirlínte agus treoracha náisiúnta agus AE, nuair is cuí. De bharr luach thromlach na gconarthaí, is gnách feidhm a bheith ag na treoirlínte náisiúnta. Tá plean soláthair ag an gCoimisiún, ina leagtar amach na réimsí ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint.

## TFC

Cuireadh tús le tionscadal, ar bhain ascnamh néil agus uasghrádú crua-earraí leis, i mí na Nollag 2019, chun ardán a thabhairt isteach le haghaidh socruithe solúbtha oibre agus chun leanúnachas gnó a chur ar fáil i gcás géarchéime. Cuireadh i gcrích é i mí Feabhra 2020. Chuir an méid sin ar a gcumas dár gcomhghleacaithe aistriú gan stró chun na cianoibre le linn na paindéime, anuas ar na hathruithe ar ár gcóras cumarsáide. Chuaigh an Coimisiún faoi Thionscadal Láimhseála Rioscaí don tSlándáil TFC, a raibh measúnú iniúchóireachta ar riosca mar thús ann agus ina dhiaidh sin clárú agus tuairisciú rioscaí. Tugadh rátáil shásúil don Choimisiúin sa mheasúnú. Cuirfear aon rioscaí breise a aithníodh mar chuid den Phlean Láimhseála Rioscaí i gcrích sa chéad ráithe de 2021.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Liostáiltear an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta mar chomhlacht poiblí sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Mar sin de, ceanglaítear orainn cloí le forálacha díreacha an Achta mar aon le Scéimeanna Teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tugtar eolas sa Scéim Teanga faoin tslí a ndéanfaimid soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú agus a nglacfaimid céimeanna le baill den phobal a chur ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as ár seirbhísí trí mheán na Gaeilge, thar thréimhse ama comhaontaithe. Chuige sin, tá síniú ríomhphoist na mball foirne dátheangach anois, tugtar an t-eolas maidir le hiarratais Saorála Faisnéise a chur isteach sa dá theanga, agus tá ár suíomhanna gréasáin leasaithe sa dóigh is go bhfuil sé soiléir gur féidir gearáin a bhaineann le Cearta Aerphaisinéirí a dhéanamh i gceachtar den dá theanga. Tháinig an scéim reatha teanga i bhfeidhm i 2019 agus tiocfaidh deireadh léi i 2022.

## Saoráidí

De bhrí go bhfuil laghdú tagtha ar líon na mball foirne atá ag baint úsáid as ár saoráidí, tháinig laghdú suntasach ar ár n-ídiú fuinnimh agus leibhéal gníomhaíochta i 2020 agus tháinig laghdú ar chostas fuinnimh agus riachtanais saoráidí dá bharr. Leanamar orainn ag cur ár mbeartas chun ídiú fuinnimh a laghdú i bhfeidhm trí shoilse agus trealamh a chasadh as nuair nach bhfuil siad á n-úsáid. Faigheann an Coimisiún táirgí fuinneamh éifeachtúla a oireann don chomhshaol ó sholáthraithe tríú páirtí.

Chuir an Coimisiún gníomhartha i bhfeidhm i 2020 a bhí ina Ráiteas ó 2019 a tugadh don Aire maidir le diúscairt dramhaíola, dramhbhia agus athchúrsáil. Mar chuid den phlean gnímh, shuiteáil an Coimisiún áiseanna athchúrsála agus d'oibríomar i gcomhar lenár dtiarna talún le háiseanna nua, roinnte a sholáthar ar an láthair.

## Éagsúlacht agus Comhionannas

Fostóir comhdheiseanna is ea an Coimisiún nach ndéanann idirdhealú i gcoinne daoine bunaithe ar inscne, aois, cine, dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta, reiligiún, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, míchumas nó comhaltas den lucht siúil. Tá an Coimisiún tiomanta i dtaobh cur chuige réamhghníomhach i leith tionscnaimh a bhaineann leis an éagsúlacht agus comhionannas. Tá sé i gceist aige measúnú bunaithe ar fhianaise ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus cearta an duine sa Choimisiún a úsáid le hathbhreithniú a dhéanamh i 2021 ar a pholasaithe agus cleachtais i dtaca leis an éagsúlacht agus comhionannas. Déanann an Coimisiún imeachtaí agus plé a eagrú i gcónaí a bhaineann le himeachtaí idirnáisiúnta don cheartas sóisialta, rudaí ar nós Lá Idirnáisiúnta na mBan agus Bród. Tá an Coimisiún ag tnúth le forbairt a dhéanamh ar na tionscnaimh sin agus tionscnaimh amach anseo.

## Cosaint Sonraí

Cheapamar ár nOifigeach Cosanta Sonraí i 2018, agus chláraíomar é le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí i gcomhréir lenár bhfreagrachtaí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679, arna fhorlíonadh ag an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Déanann ár nOifigeach Cosanta Sonraí na polasaithe agus nósanna imeachta a bhfuil gá leo a éascú, a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht ábhartha maidir le Cosaint Sonraí. Bhí an Coimisiún réidh don chianobair sular tháinig an phaindéim agus bhí sé ábalta a oibleagáidí rialála a chomhlíonadh agus san am céanna slándáil sonraí agus próiseáil sonraí a chur chun cinn i gcomhréir leis an RGCS agus leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

## Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí don chaighdeán is airde sa rialachas corparáideach a choimeád. Cloíonn sé leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, i gcás inarb infheidhme é sin d'eagraíocht dá mhéad. Ar an ábhar gurb é an duine cuntasach é, tá an Coimisinéir freagrach don Aire Iompair as rialachas corparáideach maith. Chun tacú leis sin tá comhaontú maoirseachta againn leis an Roinn Iompair a ndéantar athbhreithniú air gach bliain. Bhí dhá chruinniú againn le linn na bliana le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an bplean straitéiseach atá againn.

**Tábla 11:** Achoimre ar Rialachas Corparáideach

| | |
|---|---|
| **Cód Iompair an Choimisiúin** | Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún do na fostaithe. |
| **Luacháil Infheistíochta** | Níor thabhaigh an Coimisiún aon chaiteachas caipitil i 2020 a tháinig laistigh den raon gníomhaíochtaí a beartaíodh i dtreoirlínte 2005 na Roinne: Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caiteachais Caipitil san Earnáil Phoiblí. |
| **Luach saothair Bhainisteoirí Sinsearacha agus Táillí Stiúrthóra** | Tugtar an t-eolas don réimse seo sa chuid den doiciméad seo a bhaineann leis na hAcmhainní Daonna. Ní bheidh feidhm ag íocaíocht tháillí an stiúrthóra. |
| **Socruithe Tuairiscithe** | Déanann an Coimisiún tuarascálacha a ullmhú don Aire Iompair faoi mar is gá. Tá córas iomlán forbartha cuntasaíochta ag an gCoimisiún, a chuireann tuarascálacha mionsonraithe míosúla bainistíochta agus airgeadais ar fáil don bhainistíocht shinsearach. Glacaimid le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 chun ár gcuntasaíocht a dhéanamh. Déanaimid ár gcuntais a ríomh ar chóras cuntasaíochta fabhraithe ach amháin má thugtar a mhalairt le fios sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis sin. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cloí leis an dualgas go gcoinneofaí leabhair chuí chuntais. Coinnitear iad sin san aon oifig amháin atá aige. |
| **Pleanáil Straitéiseach agus Chorparáideach** | Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach sa reachtaíocht seo a leanas: an tAcht Eitlíochta, 2001; an tAcht um Aerfoirt Stáit, 2004; an tAcht Eitlíochta, 2006; an tAcht um Aerfoirt Stáit (Grúpa na Sionainne), 2014 agus in Ionstraimí Reachtúla éagsúla. Tuairiscíonn an Coimisiún gach bliain don Aire Iompair ar an dóigh a ndearnadh na feidhmeanna sin a chomhall sa bhliain roimhe sin. Cé gur luamar go mbeadh comhairliúchán ann chun síneadh a chur lenár bplean straitéiseach 2017-2019, níor chuireamar an próiseas sin i gcrích i bhfianaise an tionchair a bhí ag COVID-19 ar chuid mhór gnéithe dár gcuid oibre agus gurbh éigean ár n-iarrachtaí a dhíriú ar nithe eile le linn na bliana. |
| **Polasaí Taistil** | Cloíonn an Coimisiún le riachtanais an Rialtais maidir le polasaí taistil. |
| **Leasanna a Nochtadh** | Éilítear ar an gCoimisinéir, a chuid foirne, agus na comhairleoirí uile cloí leis na coinníollacha ábhartha nochta a eascraíonn as Alt 18 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus as Ailt 17-18 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. |
| **Bainistíocht maidir le Riosca** | Tá clár riosca á choinneáil ag an gCoimisiún a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú air go rialta. Bítear ag obair i gcomhar leis an gcoiste iniúchóireachta le rioscaí a bhainistiú. |

## Trédhearcacht

Cuireann an Coimisiún i gcrích a chuid feidhmeanna ar bhealach atá chomh trédhearcach agus is féidir. Foilsítear gach doiciméad a bhaineann le comhairliúcháin ar ár suíomh gréasáin (tá liosta le haghaidh 2020 san aguisín leis an tuarascáil seo). Ó Mhárta 2012 ar aghaidh, tá nótaí foilsithe ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin go ráithiúil ag sonrú na horduithe ceannaigh atá os cionn €20,000. Fuair an Coimisiún cúig iarratas ar Shaoráil Faisnéise, trí iarratas ar rochtain ó ábhair sonraí, chomh maith le cúig Cheist Pharlaiminte a fhreagairt le linn na bliana.

## Athchóiriú Rialála

Le linn 2020, d'oibrigh an Coimisiún i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann chun dul chun cinn a dhéanamh ar an bpróiseas athchóirithe rialála, próiseas a mbeidh cumasc an Choimisiúin agus Rannóg Rialála Sábháilteachta Údarás Eitlíochta na hÉireann mar thoradh air. Foilsíodh an Bille um Aer-Loingseoireacht agus Aer-Iompar ar an 4 Nollaig 2020 agus cuirfear ar aghaidh é san Oireachtas i 2021. Ceapadh Diarmuid Ó Conghaile mar Phríomhfheidhmeannach ainmnithe. Cuirfidh sé tús lena phost in Údarás Eitlíochta na hÉireann in Eanáir 2021 agus beidh sé freagrach as an údarás nua rialála a chur ar bun.

## Breathnú ar Aghaidh

Leanfaimid orainn agus muid ag cinntiú go bhfuil struchtúr, córais agus próisis na heagraíochta ag teacht ina n-iomláine lenár gcuspóirí straitéiseacha chun seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach a sholáthar dár bpáirtithe leasmhara, go háirithe don phobal atá ag taisteal. Leanfaimid orainn ag obair leis an Roinn Iompair agus lenár gcomhghleacaithe in Údarás Eitlíochta na hÉireann ar an tionscadal athchóirithe rialála i 2021.

Leanfaimid orainn ag éascú na nuálaíochta inár bpróisis agus inár modheolaíocht, lena chinntiú go ndéanfar na róil, an t-eolas agus an saineolas ceart a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun tacú le creat rialála a fhreagraíonn don dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr agus chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha.

07

# Faisnéis Airgeadais

Tháinig laghdú 20% ar ghlanioncam go €3.55m in 2020. Bhí méadú ar an éileamh i 2019 le haghaidh tacaíocht sheachtrach chomhairliúcháin maidir leis an gCinneadh um Muirir Aerfoirt, an Treoir um Thaisteal Réamháirithe agus an t-athbhreithniú leanúnach ar shocruithe reatha maidir le cosaint ar dhócmhainneacht sa tionscal trádála taistil. Bhí níos lú tacaíocht sheachtrach uainn i 2020 agus tá sé sin á léiriú sa laghdú ar thobhach a bhí againn.

Ar an drochuair, bhí sé cinn de chlistí san earnáil trádála taistil le linn na bliana agus tá fianaise de sin sa mhéid ardaithe d'ioncam eile. Léiriú is ea an t-ioncam €152k ar ár ngnóthú costas don obair sin. Ní raibh aon chlistí nua againn i 2019 agus rinneamar na héilimh a bhí fágtha ó 2018 a shocrú.

Tháinig titim 17% go €3.6m sa bhliain ar an gcaiteachas foriomlán. An cinneadh a rinneamar an caiteachas lánroghnach ar fad a íoslaghdú mar fhreagairt ar COVID-19 a spreag an titim sin.

Sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais, tugtar le fios go raibh €20.8 milliún i mbannaí airgid trádála taistil ann ag deireadh na bliana. Laghdófar é sin de dheasca COVID-19 ós rud é go mbeidh gnólachtaí ag imeacht as an margadh agus go dtiocfar laghdú ar dhíolachán.

Tá méadú go €1.62m tagtha ar an easnamh ar scéim scoir an Choimisiúin amhail ar an 31 Nollaig 2020, i gcomparáid le €1.15m ar an 31 Nollaig 2019. An phríomhchúis atá taobh thiar den ghluaiseacht ná na hathruithe achtúireacha a tharla do na boinn tuisceana i rith na bliana; thit an ráta lascaine 0.4% agus bhí luacháil dliteanais níos airde ann dá bharr ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Maidir leis an dliteanas ar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, €326k a bhí ann ag deireadh na bliana.

## Ráiteas ar Chóras Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht fhoriomlán ag an gCoimisinéir as córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chaomhnú agus a fheidhmiú faoin gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta. Tugann an fhreagracht sin aird ar na riachtanais sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal réasúnta seachas é a dhíbirt ar fad.

D'fhonn an fhreagracht seo a chomhlíonadh ar dhóigh ina gcinntítear go ndéanfar gach gnó de réir reachtaíochta agus rialachán, tá struchtúr eagrúcháin curtha ar bun ag an gCoimisinéir ina bhfuil na nithe seo a leanas soiléir: nósanna imeachta maidir le feidhmiú agus tuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, imscaradh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (CIMR) ag an gCoimisiún a fheidhmíonn faoi chairt i scríbhinn atá faofa ag an gCoimisinéir agus a bhfuil triúr comhalta seachtracha air, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus duine acu mar Chathaoirleach. Tháinig an CIMR le chéile ceithre huaire le linn 2020.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gCoimisiún a dhéantar a sheachfhoinsiú. Tá obair na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí dá bhfuil an Coimisiún nochta; bunaítear pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin agus, agus déantar iad a chomhaontú leis an CIMR. Cuirtear gach tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí faoi bhráid an CIMR.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an gCoimisiún ina leagtar amach an inghlacthacht riosca atá aige, ina léirítear na próisis bainistithe riosca atá i bhfeidhm agus ina dtugtar le fios na róil agus na freagrachtaí atá ag baill fhoirne maidir le riosca.

Tá deimhnithe ag an gCoimisinéir, sna Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2020, go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir leis an rialú inmheánach airgeadais agus leis an mbainistíocht riosca.

Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánacha gach bliain.

## Iniúchadh Inmheánach

Crowe atá mar iniúchóirí inmheánacha ag an gCoimisiún faoi láthair. Ceapadh an gnólacht i mí Lúnasa 2020, óir tháinig an gnólacht roimhe sin, BDO, chuig deireadh téarma a chonartha. Mairfidh conradh Crowe go 31 Lúnasa 2023 (agus tá rogha ann síneadh bliana a chur leis). Tá an tiniúchóir inmheánach ag feidhmiú faoi threoir a fhaightear ó Choiste seachtrach um Iniúchóireacht agus Riosca. Chuir na hiniúchóirí inmheánacha dhá iniúchadh i gcrích i 2020:

- Athbhreithniú ar Phleanáil Fórsa Saothair agus Forbairt Daoine
- Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha

## An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le linn 2020. Ag gach cruinniú, thug an Coimisinéir an Coiste suas chun dáta maidir le gníomhaíochtaí

an Choimisiúin, obair idir lámha agus ceisteanna lárnacha. D'fhreastail príomhbhaill den fhoireann bhainistíochta ar na cruinnithe de réir mar ba ghá agus ba chuí. D'fhreastail na hiniúchóirí neamhspleácha inmheánacha ar na cruinnithe ar bhonn rialta freisin chun an t-eolas is déanaí a thabhairt don Choiste maidir leis an bplean iniúchóireachta agus na tuarascálacha ábhartha iniúchóireachta. Níor tarraingíodh aníos aon cheisteanna maidir le córas rialaithe inmheánach an Choimisiúin i dtuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchta le haghaidh 2020.

Chuir baill foirne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a gcuid oibre i gcrích go fiorúil mar aon le bualadh leis an CIMR i mí na Nollag 2020 lena chuid oibre agus torthaí a phlé.

## Íocaíocht Phras na gCuntas

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht maidir le cinntiú go gcomhlíontar, sna poncanna ábhartha uile, forálacha Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Íocaíochtaí déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 ("Na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí a aithint ar a bhfuil sonraisc iníoctha dlite agus chun a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí ar na dátaí seo. Tugann na nósanna imeachta seo dearbhú in éadan neamhchomhlíonta ábhartha na Rialachán. Is é an polasaí íocaíochta atá againn ná cloí le riachtanais na Rialachán .

## Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain ag Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Níl sócmhainní ar bith ag an gCoimisiún den scála agus den luach a beartaíodh faoi na treoirlínte (€150,000). Ní raibh diúscairt shuntasach sócmhainní ar bith ann le linn na bliana 2020.

## Luacháil Infheistíochta

Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas suntasach caipitiúil ar bith i 2020 a tháinig laistigh den réimse gníomhaíochtaí a beartaíodh i dtreoirlínte 2005 na Roinne maidir le Breithmheas agus Bainistiú Tograí Caiteachais Caipitil san Earnáil Phoiblí.

## Comhlíonadh Cánach

Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ÍMAT, CBL agus PSWT a íoc. Tá na tuairisceáin ábhartha chánach uile do 2020 curtha isteach ag an gCoimisiún agus cloíonn sé go hiomlán le gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais.

## Tobhach

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, féadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh a fhorchuireann tobhach ar mhaithe le costais a tabhaíodh i gceart le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh a chlúdach. Tá an tobhach sin iníoctha ag na catagóirí gnóthais sin a shonrófaí an Coimisiún.

Ar an 11 Nollaig 2020, rinne an Coimisiún I.R. 601 de 2020, arna fhorchur an Tobhach le haghaidh 2021. Tá an Coimisiún ag súil le hioncam €4.0 milliún a ghnóthú ón tobhach i 2021.

Bíonn an t-ioncam ó thobhach ag athrú i gcomhréir le riachtanais mheasta chaiteachais agus riachtanais sreafaí airgid. Tá laghdú tagtha ar ioncam ó Tháillí Ceadúnais mar gheall ar ghnólachtaí ag imeacht ón margadh agus comhdhlúthú sa mhargadh. Cuimsítear le hIoncam Eile Ioncam ó ús agus Ioncam ón gCiste Cosanta Taistealaithe. Athraíonn an chéad cheann de réir thaiscí agus ráta úis na bliana atá i gceist. Baineann an dara ceann leis na cásanna ina dtabhaíonn an Coimisiún costais de bharr riar an Chiste Cosanta Taistealaithe agus na gCuntas Bannaí, agus go mbaintear na costais sin ón gciste nó ó chuntais na mbannaí. Bhí sé cinn de chlistí cuideachta ann i 2020. Rinneamar na costais a bhain le déileáil leis na héilimh sin, agus leis an gciste a riar, a aisghabháil ón mbanna agus ón gciste faoi seach.

**Tábla 12:** Ioncam 2019-2020

| | 2020 | 2019 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Tobhach | 3,294,723 | 4,246,389 | -22.4% |
| Táillí Ceadúnais | 106,888 | 136,653 | -21.8% |
| Ioncam Eile | 152,279 | 7,939 | +1,818.1% |
| **Iomlán** | **3,553,890** | **4,390,981** | **-19.1%** |

## Ráitis Airgeadais

Ar an 28 Feabhra 2020, cuireadh na dréacht-ráitis airgeadais le haghaidh 2019 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go ndéanfaí iniúchadh orthu. Ar an 16 Deireadh Fómhair 2020, nuair a cuireadh an t-iniúchadh i gcrích, cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair iad. Cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad ar an 2 Nollaig 2020 agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ullmhaíodh dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad ar an 25 Feabhra 2021 i gcomhair iniúchóireachta. Tugtar sliocht as na dréacht-ráitis sin thíos. Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais an ráiteas faoi na polasaithe cuntasaíochta agus na nótaí ar na cuntais, nach gcuirtear i láthair thíos ach a bheidh mar pháirt de na cuntais deiridh a fhoilseofar.

## Dréacht-Ráiteas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | 2020<br>€ '000 | 2019<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam Tobhaigh | 3,295 | 4,246 |
| Táillí Ceadúnais | 107 | 137 |
| Eile | 152 | 8 |
| **Ollioncam** | **3,554** | **4,391** |
| Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil | (57) | (44) |
| **Glanioncam** | **3,497** | **4,347** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 1,607 | 1,528 |
| Costais Pinsean | 328 | 286 |
| Comhairleacht | 364 | 1,385 |
| Táillí Dlí | 266 | 110 |
| Cíos | 280 | 280 |
| Éascú Sceideal | 264 | 221 |
| Costais Oibriúcháin | 505 | 546 |
| | 3,615 | 4,357 |
| **(Easnamh) Oibriúcháin** | **(117)** | **(10)** |

## Dréacht-Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | 2020<br>€ '000 | 2019<br>€ '000 |
|---|---|---|
| | | |
| (Easnamh) Oibriúcháin | (117) | (10) |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim sochar scoir | (17) | (2) |
| Gnóthachain (caillteanais) achtúireacha ar shócmhainní na scéime | 153 | 577 |
| Athruithe ar na boinn tuisceana i dtaobh luach reatha dhliteanais na scéime sochar scoir | (553) | (798) |
| Aistrithe isteach do sheirbhís roimhe sin | - | - |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach** | **(417)** | **(223)** |
| Caillteanais/(gnóthachain) thaithí SPSPS | (5) | (7) |
| Athruithe ar thoimhdí don Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair | (37) | (39) |
| **Coigeartú i leith maoiniú iarchurtha** | **(42)** | **(46)** |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána a bhaineann leis an mBliain Airgeadais** | **(534)** | **(233)** |

## Dréacht-Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail ar an 31 Nollaig 2020

| | **2020 € '000** | **2019 € '000** |
|---|---|---|
| **Maoin, Gléasra agus Trealamh** | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 132 | 75 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 25,315 | 19,509 |
| Taiscí Fadtéarmacha | - | 1,000 |
| Infháltais agus Réamhíocaíochtaí | 196 | 232 |
| | 25,512 | 20,741 |
| **Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)**) | | |
| Suimeanna iníoctha agus Fabhruithe | (287) | (227) |
| Cuntais Bannaí Airgid | (23,526) | (18,750) |
| | **(23,814)** | **(18,977)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **1,698** | **1,764** |
| | | |
| **Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | **1,830** | **1,840** |
| Glandliteanas Sochar Scoir | (1,623) | (1,155) |
| **Glansócmhainní agus Dliteanas Sochar Scoir san áireamh** | **207** | **685** |
| Lena n-ionadaítear | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 1,698 | 1,764 |
| Cuntas Caipitil | 132 | 75 |
| Cúlchiste Sochar Scoir | (1,623) | (1,155) |
| | **207** | **685** |

## Dréacht-Ráiteas ar Athruithe sa Chuntas Cúlchistí agus Caipitil amhail ar an 31 Nollaig 2020

| | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | Cuntas Caipitil | Cúlchiste Sochar Scoir | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **1,742** | **31** | **(899)** | **874** |
| Easnamh Oibriúcháin | (10) | | | (10) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 44 | | 44 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | - | | (223) | (223) |
| Aistriú | 32 | | (32) | - |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019** | **1,764** | **75** | **(1,155)** | **685** |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2020** | **1,764** | **75** | **(1,155)** | **685** |
| Easnamh Oibriúcháin | (117) | | | (117) |
| Gluaiseacht le linn na bliana | - | 57 | | 57 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | - | | (417) | (417) |
| Aistriú | 51 | | (51) | - |
| **Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2020** | **1,698** | **132** | **(1,623)** | **207** |

## Dréacht-Ráiteas um Shreafaí Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

| | 2020<br>€ '000 | 2019<br>€ '000 |
|---|---|---|
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus ar Chaiteachas | (117) | (10) |
| Difríocht idir an Costas Sochar Scoir agus Ranníocaíocht an Fhostóra | 51 | 32 |
| Dímheas | 32 | 11 |
| Ús bainc a fuarthas mar ghlanmhéid de na muirir bhainc a íocadh | - | - |
| Amúchadh sócmhainn chaipitil | 57 | 44 |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | (62) | 77 |
| Laghdú/(Méadú) ar Réamhíocaíochtaí | 97 | (7) |
| (Laghdú)/Méadú ar Mhéideanna Iníoctha | 59 | 12 |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhabhruithe | 13 | 8 |
| **Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **129** | **167** |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús Bainc | - | - |
| Muirir Bhainc a Íocadh | - | (1) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | (88) | (54) |
| **Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **(88)** | **(55)** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| (Laghdú)/Méadú ar Chuntais Bannaí Airgid agus CCT | 4,765 | (946) |
| Laghdú/(Méadú) ar Airgead ar Thaisce Téarma | **1,000** | **(482)** |
| **Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **5,765** | **(1,428)** |
| **Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | **5,806** | **(1,316)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | 19,509 | 20,825 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig | 25,315 | 19,509 |

Uimhreacha slánaithe go neamhspleách; b'fhéidir nach mbeidh an toradh díreach céanna leis an iomlán.

08.

# Aguisín

- Cur i gcrích Phlean Oibre 2020 in aghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta
- Páipéir an Choimisiúin agus Doiciméid Eile a Foilsíodh i 2020
- Príomhtháscairí Feidhmíochta
- Plean Oibre 2021

# Cur i gcrích Phlean Oibre 2020 in aghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta

## Sprioc Straitéiseach 1:

### Seirbhísí Aerfoirt atá Éifeachtúil, d'Ardchaighdeán agus Feasach faoi Shábháilteacht

**Cuspóir 1:** Muirir éifeachtúla a shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020 | Soláthar 2020 |
|---|---|---|
| Comhairliúchán a dhéanamh faoin bhfreagra cuí ar rialáil phraghsanna i bhfianaise COVID-19. Tús a chur le haon phróiseas a mheastar a bheith cuí tar éis comhairliúchán agus teagmháil a dhéanamh leis an tionscal. | Comhoibriú agus teagmháil ghníomhach. Réitigh atá freagrúil agus éifeachtach. | I mí na Nollag 2020, chuireamar Athbhreithniú Eatramhach i gcrích ar Chinneadh 2019 mar fhreagairt ar COVID-19. Tháinig sé sin i ndiaidh próiseas comhairliúcháin nuair a rinneamar aiseolas ón dá aerlíne agus ó Aerfort Bhaile Átha Cliath a mheas. |
| Comhairliúchán a dhéanamh maidir le cinntí an Phainéil um Achomhairc Eitlíochta 2020 agus a chinneadh cibé acu an gá Cinneadh 2019 a athrú, nó nach gá, mar fhreagra. | Cinneadh 2019 a dhearbhú nó a athrú ag teacht leis na hamlínte reachtúla. | Rinneamar Cinneadh 2019 a leasú i mí Iúil 2020, i ndiaidh moltaí an Phainéil Achomhairc a mheas. Is é a bhí i gceist leis na hathruithe a rinneadh ná an chonair i dtaca le éifeachtúlachtaí sa chaiteachas oibriúcháin a chiorrú agus sásra an chostais curtha ar aghaidh don chaiteachas oibriúcháin a choigeartú. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaidhp praghais a chuireann teorainn leis an méid ioncaim in aghaidh an phaisinéara ar féidir le hUdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (daa) a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Ráitis faoi chaidhpeanna praghais a fhoilsiú. | Táimid go fóill ag déanamh monatóireacht ar chomhlíonadh na caidhpe praghais ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'fhoilsíomar ráiteas maidir leis an gcaidhp phraghais i 2020 a fuarthas ó Aerfort Bhaile Átha Cliath. |
| Comhlíonadh Threoir um Muirir Aerfoirt na hEorpa a chinntiú, treoir a leagann amach na bunchaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú. | Oibriú le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar a struchtúr praghsanna, lena n-áirítear pleananna Aerfort Bhaile Átha Cliath muirir fuaime agus comhshaoil a ghearradh mar ghné den struchtúr sin. | Tá measúnú iomlán ar an struchtúr praghsála curtha siar óir ní féidir é a dhéanamh faoi láthair mar gheall ar COVID-19. Bíodh sin mar atá, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ag lorg tuairimí maidir le córas muirearaithe torainn ó go luath i 2021 i leith. |
| Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitiúil. | Tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na hamlínte atá leagtha síos ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena chuid tionscadal amuigh go léir, agus ar an gcaiteachas a bhaineann leo. | D'fhoilsíomar tuarascálacha maidir leis an gcaiteachas ar thionscadail chaipitil in Aerfort Bhaile Átha Cliath sa dara ráithe de 2020. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh muirear aerfoirt agus bearta cáilíochta seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Torthaí ráithiúla a fhoilsiú ar na 22 sprioc maidir le cáilíocht na seirbhíse. | Níorbh fhéidir sonraí suirbhéanna paisinéirí a bhailiú le haghaidh bearta áirithe cáilíochta seirbhíse de dheasca COVID-19. Thugamar tuairisc ar mhéadracht eile is infheidhme le haghaidh 2020, mar atá tréimhse fheithimh na scuaine slándála, tréimhsí feithimh faoi choinne paisinéirí a bhfuil cúnamh breise de dhíobháil orthu, infhaighteacht córas bagáiste agus TF, agus infhaighteacht bothanna seiceála isteach féinseirbhíse agus meaisíní glacadh bagáiste. |

| **Cuspóir 2:** Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. | Cuireadh an chéad dá bhabhta de StageGate i gcrích i 2020. Sa chéad bhabhta, deimhníodh liúntais le haghaidh dhá thionscadal i gcomhair StageGate 1: Athshlánú Bhealach Innealta W2 agus Caighdeáin Scagtha an Bhagáiste Boilg i dTeirminéal 2. Bhí dara babhta ann i mí Dheireadh Fómhair, inar breathnaíodh ar Scagadh Bagáiste Boilg Chaighdeán 3 i dTeirminéal 1. |
| | Cinneadh a fhoilsiú maidir le treoirlínte do chomhairliúcháin bhliantúla ar mhuirir aerfoirt. | Cuireadh siar cinneadh ar threoirlínte maidir le comhairliúcháin bhliantúla faoi mhuirir aerfoirt mar gheall ar COVID-19. B'éigean athbhreithniú eatramhach a dhéanamh dá bharr. Tá sé dúshlánach tuartha beachta a chur ar fáil mar gheall ar COVID-19, a bheadh riachtanach leis na riachtanais do na treoirlínte sin a chomhlíonadh. |

| **Cuspóir 3:** Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| Paraiméadair chomhordaithe sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhógairt. | Anailís a chur ar bun agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoin gcur chuige a mba cheart dúinn a ghlacadh chun acmhainn an Rúidbhealaigh Thuaidh nua a fhógairt. | Rinneamar anailís agus chuamar i mbun plé le páirtithe leasmhara maidir le bealaí féideartha a d'fhéadfaimis a ghlacadh nuair a bheidh acmhainneacht an Rúidbhealaigh Thuaidh á fógairt. Leanfaidh sé sin ar aghaidh i 2021, óir níor thángthas ar chinneadh deiridh go fóill agus níor cuireadh an rúidbhealach i gcrích. |
| | Cinntí faoi pharaiméadair sliotán do Gheimhreadh 2020 agus Samhradh 2021 a fhoilsiú. | D'fhógraíomar na paraiméadair chomhordaithe le haghaidh gheimhreadh 2020 agus le haghaidh shamhradh 2021 i gcomhréir leis an amlíne atá ag an gComhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta i gcomhair comhordú sliotán. Níor athraíodh na paraiméadair chomhordaithe sa dá chás mar gheall ar COVID-19. |
| Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú i gcás aerlínte a mhí-úsáideann sliotán. | Smachtbhannaí mí-úsáide sliotán a thuairisciú. | Níor gearradh aon smachtbhannaí as mí-úsáid sliotán i 2020. |

| **Cuspóir 4:** Rialáil Feidhmíochta agus Muirir faoin Scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| Maidir le rialáil muirir do sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta, beidh an plean oibre ag brath ar chinntí an Choiste um Aerspás Aonair, ach is dócha go mbeidh ullmhúchán le haghaidh plean nua feidhmíochta d'Éirinn i gceist leis don tréimhse thagartha 3 (RP3) suas go dtí 2024. | Anailís a dhéanamh, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus plean athbhreithnithe feidhmíochta a ullmhú de réir mar is gá. | Thugamar ionchuir athbhreithnithe costas ó sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na hÉireann agus ón dá Údarás Maoirseachta Náisiúnta ionas gur féidir spriocanna feidhmíochta nua a shocrú le haghaidh thréimhse thagartha 3, i gcomhréir le rialachán nua ón AE a cuireadh i bhfeidhm i ndiaidh thús COVID-19. Ina dhiaidh sin, chuireamar tús leis an obair ar an bplean nua feidhmíochta d'Éirinn i mí na Samhna. |
| Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcostas iarbhír en route agus ag an gcríochfort i gcomparáid leis na costais chinntithe le haghaidh 2019 (Tréimhse Thagartha 2) agus leis na rátaí aonaid beartaithe le haghaidh 2021 (Tréimhse Thagartha 3). | Anailís a dhéanamh agus na dualgais mhonatóireachta a chomhlíonadh. | Chuireamar tús le próiseas comhairliúcháin le húsáideoirí aerspáis in Iúil 2020 maidir leis na rátaí aonaid le haghaidh 2021. Deimhníodh na rátaí sin níos moille i mí na Samhna 2020. |

# Sprioc Straitéiseach 2:

## Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

| **Cuspóir 1:** Córas éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| An chuid eile de na moltaí a tháinig chun cinn de bharr an iniúchta a rinneadh i 2018 ar ár bpróisis cheadúnaithe a chur i bhfeidhm d'fhonn an córas ceadúnaithe is éifeachtaí a chinntiú. | Na moltaí a aithnítear a chur i bhfeidhm. | A cuireadh i gcrích i 2020. |
| Oibriú i ndlúthchomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus leis na páirtithe leasmhara faoin mbealach a chinnteofar go mbeidh na rialacha feidhmithe maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh faoin Rialachán nua EASA ag teacht leis an bpróiseas um cheadú atá curtha i bhfeidhm cheana ag an gCoimisiún. | Treoirlínte agus próiseas forfheidhmithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh | Cuireadh moill ar obair chun rialacha a chur i bhfeidhm chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a chur ar fáil go sábháilte ag leibhéal an EASA cionn is gur tháinig athrú ar thosaíochtaí de thoradh phaindéim COVID-19. Táthar le tús a chur leis an obair sa réimse sin arís am éigin i 2021. |
| Leanúint ar aghaidh a bheith ag obair le haerfoirt chun creat rialála níos láidre a fhorbairt chun tacú le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta ag seirbhísí láimhseála ar an talamh. | Seachadadh na nithe a aithníodh chun forfheidhmiú cuí maidir le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta a chinntiú. | Cé gur lean obair sa réimse sin ar aghaidh sa chéad ráithe de 2020, tháinig athrú ar thosaíochtaí don dá aerfort agus don Choimisiún um Rialáil Eitlíochta mar gheall ar thús phaindéim COVID-19 agus rinneadh cinneadh an sruth oibre sin a atosú i 2021. |
| Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair le sealbhóirí ceadúnais agus le páirtithe leasmhara i gcomhthéacs na n-impleachtaí ceadúnaithe agus ceadaithe a thitfidh amach mar gheall ar Brexit. | Leanúint le comhlíonadh ceanglas ceadúnaithe ag sealbhóirí ceadúnais. | Leanadh ar aghaidh den phlé le sealbhóirí ceadúnais agus páirtithe leasmhara éagsúla le linn 2020 a bhain le cuid de na himpleachtaí ó thaobh sealbhóirí ceadúnais/ceadaithe de mar thoradh ar Brexit, lena chinntiú go mbeidh comhlíonadh ann i rith an ama. |
| Socruithe lenár gcomhghleacaithe Eorpacha a neartú chun an mhonatóireacht a dhéantar ar aeriompróirí a láidriú. | Comhaontuithe comhair a thionscnamh le páirtithe ábhartha. | Meabhrán Comhair a síníodh leis an Údarás Náisiúnta um Eitlíocht Shibhialta san Iorua. Bíonn cruinnithe/plé ar siúl lenár gcomhghleacaithe i gcuid eile de na Ballstáit maidir le saincheisteanna ceadúnaithe agus é mar aidhm againn caidreamh a bhunú agus deiseanna a chur ar fáil go mbeidh comhar níos dlúithe eadrainn amach anseo. |

## Sprioc Straitéiseach 3:

## Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

**Cuspóir 1: Ceanglais an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, agus an Achta um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, a chur i bhfeidhm.**

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020 | Soláthar 2020 |
|---|---|---|
| Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara chun na socruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go dtuigeann an tionscal na ceanglais sin. Tuiscint an Choimisiúin ar an margadh a fheabhsú. | Líon na n-aonán ar tugadh cuairt orthu.<br><br>Líon na gcruinnithe tionscail. | Ar an drochuair, ní rabhamar ábalta cuairt a thabhairt go fisiciúil ar ghnólachta ná freastal ar chomhdhálacha, ach tháinig méadú ar ár rannpháirtíocht go fíorúil.<br><br>Rinneamar ár suíomh gréasáin a nuashonrú chun riachtanais nuashonraithe reachtaíochta a léiriú.<br><br>Rinneamar ár dtreoir don tionscal a nuashonrú chun aird a dhíriú ar thionchar Brexit.<br><br>Ghlacamar le hárachas lánslánaíochta ó aonáin atá bunaithe in Éirinn le haghaidh na ndíolachán ar fad in AE nach gclúdaítear le socruithe maidir le bannú atá cheana ann agus le haghaidh aerlínte atá bunaithe in Éirinn atá ag feidhmiú mar Eagraithe Gaolmhara Taistil.<br><br>Dhearbhaíomar go raibh urrús ann le haghaidh aon eagraithe atá bunaithe in aon áit eile san AE le haghaidh taisteal réamháirithe/socruithe taistil gaolmhara atá ar díol nó a dhíoltar in Éirinn.<br><br>Ghlacamar le hárachas lánslánaíochta le haghaidh aon eagraithe atá bunaithe in aon áit eile san AE le haghaidh taisteal réamháirithe/ socruithe taistil gaolmhara atá ar díol nó a dhíoltar in Éirinn. |
| Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na próisis agus na nósanna imeachta atá ann. | Foirmeacha maidir le hoiriúnacht don fheidhm.<br><br>Nóta treorach nuashonraithe más gá.<br><br>Próisis maidir le hoiriúnacht don fheidhm. | Rinneadh ár bpróisis a nuashonrú chun dul i ngleic le cúrsaí mar a bhí siad ag teacht chun cinn, agus chaitheamar mar sin níos mó ama ag plé le sealbhóirí ceadúnais faoina gcúinsí airgeadais, faoina gcuid riachtanas maidir le bannú agus faoin scéim nóta creidmheasa aisíocaíochta nua.<br><br>Rinneamar ár suíomh gréasáin a nuashonrú chun riachtanais nuashonraithe reachtaíochta a léiriú. |
| Ceadúnais a eisiúint de réir reachtaíocht na hÉireann. | Céatadán na n-iarrthóirí ar tugadh freagra orthu laistigh de 7 lá.<br><br>Céatadán na litreacha um chinneadh i bprionsabal a eisíodh.<br><br>Líon na gceadúnas a eisíodh taobh istigh de choicís. | Níor bhaineamar amach na caighdeáin a socraíodh le blianta anuas mar gheall ar an bpaindéim. Táimid ag féachaint ar bhealaí leis sin a fheabhsú de réir mar a leanann cúrsaí ar aghaidh mar atá siad. |

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020 | Soláthar 2020 |
|---|---|---|
| Monatóireacht a dhéanamh ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm. | Córas monatóireachta a chur i bhfeidhm go leanúnach. | Thugamar solúbthacht isteach inár bpróisis a d'fhág gur chuireamar ar a gcumas do ghnólachtaí leibhéil a mbannaithe a laghdú. Fuaireamar meascán de ráitis bhliantúla airgeadais agus cuntais bhainistíochta ar bhonn ráithiúil nó míosúil, nó ar bhonn ad hoc, taobh le tuartha sreafa airgid ó gach gnólacht.<br><br>Dhearbhaíomar go raibh urrús ann le haghaidh aon eagraithe atá bunaithe in aon áit eile san AE le haghaidh taisteal réamhháirithe/ socruithe taistil gaolmhara atá ar díol nó a dhíoltar in Éirinn.<br><br>Ghlacamar le hárachas lánslánaíochta le haghaidh aon eagraithe atá bunaithe in aon áit eile san AE le haghaidh taisteal Réamhháirithe/ socruithe taistil gaolmhara atá ar díol nó a dhíoltar in Éirinn. |

**Cuspóir 2:** Cosaint dhóthanach a thabhairt do thaistealaithe

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020 | Soláthar 2020 |
|---|---|---|
| Bearta reatha reachtaíochta maidir le dócmhainneacht a chur i bhfeidhm. | Socruithe a chur i bhfeidhm. | Fuaireamar an chosaint ábhartha ar dhócmhainneacht mar a bhaineann le saoirí a bhfuil an taisteal mar chuid díobh. |
| Obair leis an Roinn chun socruithe cosanta custaiméirí a láidriú. | Ionchur a thabhairt maidir le forbairtí beartais agus aon socruithe nua a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm. | Thugamar tuarascáil don Roinn i 2019 ach cuireadh an obair siar go 2020. |
| Cásanna ina líomhnaítear go bhfuil trádáil mhídhleathach ar siúl a imscrúdú. | Tuairisciú faoi chásanna a ndearnadh imscrúdú orthu. | Rinneamar imscrúdú ar thrí chás inar líomhnaíodh go raibh trádáil mhídhleathach ar siúl. |

# Sprioc Straitéiseach 4:

## Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

**Cuspóir 1:** Déileáil le gearáin ó phaisinéirí go héifeachtach agus go cothrom

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020 | Méid a baineadh amach i 2020 – i dtaca le 3,454 cás a cuireadh isteach idir an 1 Iúil 2019 agus an 30 Meitheamh 2020 |
|---|---|---|
| Imscrúduithe a thionscnamh go tráthúil. | Réamhléirmheas a dhéanamh ar ghearáin laistigh de sheachtain amháin - sprioc 85%. | Rinneadh 100% de na athbhreithnithe tosaigh taobh istigh de sheachtain. |
| Imscrúduithe ar aerlínte a chur ar bun i gcomhréir leis na hamlínte freagartha comhaontaithe. | Cuireadh 80% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de 3 mhí.<br><br>Cuireadh 95% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de 7 mí. | Socraíodh 62% de na gearáin atá druidte taobh istigh de thrí mhí agus 94% acu taobh istigh de sheacht mí. Tá 207 cás go fóill á n-imscrúdú. |
| Treoracha a eisiúint sa chás nach gcomhlíonann aerlínte leis na ceanglais. | | Eisíodh 87 Treoir. |
| Aerfoirt na hÉireann a iniúchadh maidir le comhlíonadh an dá rialachán. | 100% de na haerfoirt ábhartha in aon bhliain ar leith. | Mar gheall ar shrianta COVID-19, níorbh fhéidir aon chigireacht a dhéanamh ar aerfoirt i 2020. |

**Cuspóir 2:** Feasacht thaistealaithe ar chearta aerphaisinéirí a fheabhsú

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020 | Soláthar 2020 |
|---|---|---|
| Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm. | Cuireadh tús leis an obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar inneachar www.flightrights.ie |

**Cuspóir 3:** Obair a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíontar níos fearr leis na rialacháin sa tionscal, le líon na ngearán ar gá dúinn idirghabháil a dhéanamh ina leith a laghdú

| Gníomhartha | Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020 | Soláthar 2020 |
|---|---|---|
| Plean maidir le hiniúchtaí, gníomhaíochtaí forfheidhmithe, cuairteanna agus cruinnithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | An plean a chur i bhfeidhm. | Níorbh fhéidir aon chigireachtaí a dhéanamh ná cuairteanna a thabhairt le linn 2020 de dheasca na srianta. |

# Sprioc Straitéiseach 5:

## Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

| **Cuspóir 1:** Córais éifeachtacha agus oiriúnach don aidhm a fheidhmiú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus próisis chun an fheidhmíocht agus an tseirbhís is fearr cleachtais do chustaiméirí a chur ar fáil, agus na córais agus na próisis sin a mhionathrú. | Comhoibriú lenár gcomhghleacaithe in SRD chun ardán digiteach a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoin dea-chleachtas maidir le heispéireas an chustaiméara agus seirbhís do chustaiméirí. | Cuireadh tús leis an obair ar ardán digiteach nua faoi choinne cuid mhór dár bhfeidhmeanna i Márta 2021. |

| **Cuspóir 2:** Dul i gcomhairle go héifeachtach le páirtithe leasmhara | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. | Cuireadh an chéad dá bhabhta de StageGate i gcrích i 2020. Dá bharr sin, deimhníodh liúntais StageGate 1 le haghaidh trí thionscadal i ndiaidh dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. |
| Páirt a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa. | Cathaoirleacht a dhéanamh ar an ngrúpa oibre maidir le scipéad rialála agus cur leis an bpáipéar oibre ar mhodhnú comhshaoil muirear aerfoirt. | Rinneamar cathaoirleacht ar an ngrúpa oibre a scríobh an páipéar maidir leis an scipéad rialála, agus bhíomar ar chuid d'fhoireann scríbhneoireachta an pháipéir inar breathnaíodh ar mhuirir aerfoirt agus cuspóirí comhshaoil. |
| Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha, agus faisnéis a roinnt leo, de réir mar is gá. | Táimid ag leanúint orainn ag plé le gníomhaireachtaí ábhartha, Údarás Eitlíochta na hÉireann agus SRD, cuir i gcás, i dtaca leis an rialáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. |
| Beartas rialála a fhorbairt mar ullmhúchán dár gcéad chinneadh eile faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag foghlaim ó thaithí comhlachtaí rialála eile. | Comhordú le rialtóirí eile in Éirinn agus i mBallstáit eile. | D'fhoilsíomar páipéar comhairliúcháin i Meitheamh 2020 inar scrúdaíodh an dóigh ar chóir don rialáil praghsanna COVID-19 a fhreagairt. Ós rud é go mbeidh ár gcéad chinneadh eile ann i ndiaidh ré COVID-19, beidh na ceisteanna a scrúdaíodh sa pháipéar seo maidir le hathruithe ar an múnla rialála mar gheall ar COVID-19 go speisialta ábhartha don chinneadh sin. |
| Páirt ghníomhach a ghlacadh in Ardán Comhordaithe (NCP) NSA a bhfuil sé mar aidhm aige an scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair (SES) a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr. | Páirt a ghlacadh sna rudaí seo a leanas: ***1)*** plé AE ar cheisteanna agus réitigh ábhartha, ***2)*** dea-chleachtas maidir le SES a chur i bhfeidhm a aithint agus ***3)*** sain-chomhchúnamh idir NSAnna a sholáthar. | Ghlacamar páirt go gníomhach sa chlár deimhnithe costais le Ernst & Young. Is é is aidhm don tionscadal sin modh agus ábhar ríomhfhoghlama a fhorbairt a bheidh úsáideach ag Údarás Maoirseachta Náisiúnta agus é ag tabhairt faoi cháilitheacht agus leithroinnt costas a mhuirearaítear ar úsáideoirí aerspáis a dheimhniú. Bhí baint againn chomh maith leis an Roinn Iompair chun forbairt a dhéanamh ar ionchur na hÉireann ar thogra an Choimisiúin Eorpaigh Aerspás Eorpach Aonair 2+. |

| **Cuspóir 3:** Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| Leanúint orainn de bheith ag ailíniú agus ag cur gníomhartha foghlama agus forbartha i gcrích chun tacú lenár bPlean Straitéiseach. | An Plean Foghlama agus Forbartha a rianú ar bhonn míosúil. | Cuireadh an Plean Foghlama agus Forbartha siar ó Mhárta 2020 de dheasca shrianta buiséid COVID-19. Ceadaíodh líon beag iarratais fhaofa foghlama agus forbartha ós rud é gur cláir leanúnacha a bhí i gceist leo. |
| I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar theacht aniar na heagraíochta, an dara céim den phlean fórsa saothair a chur i bhfeidhm. | Acmhainní i bhfeidhm faoi Ráithe 3. | Rinneadh an dara céim sa phlean don fhórsa saothair a fhaomhadh i ráithe 3 agus a thosú i ráithe 4 i 2020. |

## Sprioc Straitéiseach 6:
## Rialáil Eacnamaíoch Seirbhísí Aerloingseoireachta a Chur i bhFeidhm

| **Cuspóir 1: Rialáil eacnamaíoch seirbhísí aerloingseoireachta a chur i bhfeidhm** | | |
|---|---|---|
| **Gníomhartha** | **Príomhtháscaire Feidhmíochta 2020** | **Soláthar 2020** |
| An ról a athshannadh le déanaí mar Údarás Maoirseachta Náisiúnta (NSA) a ghlacadh chun críocha rialáil eacnamaíoch a dhéanamh ar sheirbhísí aerloingseoireachta faoi na rialacháin maidir le hAerspás Eorpach Aonair (SES). | Ról an Choimisiún a aistriú agus a chur i bhfeidhm go rathúil sa réimse seo. | Táimid i ndiaidh aistriú isteach inár ról nua athshannta mar Údarás Maoirseachta Náisiúnta. Tá cuid mhaith den bhliain caite againn ar athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna Thréimhse Thagartha 3. Leanfaimid ar aghaidh leis an obair sin i 2021. |

## Páipéir an Choimisiúin agus Doiciméid Eile a Foilsíodh i 2020

| | | |
|---|---|---|
| **Eanáir** | CN1/2020 | Socruithe Ceadúnaithe don Trádáil Taistil le haghaidh Earrach 2020 |
| **Márta** | CN2/2020 | COVID-19 agus Pionóis maidir le Cáilíocht Seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Aibreán** | CN3/2020 | Dréachtchinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Gheimhreadh 2020 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CN4/2020 | Ráiteas faoi Chaidhp Phraghais Aerfort Bhaile Átha Cliath, 2017 agus 2019 |
| | CN6/2020 | COVID-19 agus Pionóis maidir le Cáilíocht Seirbhíse ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CN7/2020 | Cinneadh ar Pharaiméadair Chomhordaithe le haghaidh Gheimhreadh 2020 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| **Meitheamh** | CP2/2020 | Comhairliúchán maidir le Cinntí déanta ag an bPainéal um Achomhairc Eitlíochta |
| | CP3/2020 | Comhairliúchán faoin bhFreagra ar Rialáil Praghsanna i bhFianaise COVID-19 |
| | | Cuntais Rialála Aerfort Bhaile Átha Cliath le haghaidh 2019 |
| **Iúil** | | Aighneachtaí mar fhreagra ar an gComhairliúchán faoi Chinntí déanta ag an bPainéal um Achomhairc Eitlíochta (CP2/2020) |
| | CP4/2020 | Nóta a ghabhann le Cinneadh Éagsúil 2019 |
| | CN9/2020 | Socruithe Ceadúnaithe don Trádáil Taistil le haghaidh Fhómhar 2020 |
| | CP5/2020 | Cinneadh Éagsúil 2019 de bhun an Phainéil Achomhairc |
| | CP6/2020 | Comhairliúchán ar Chostais Iarbhír 2019 agus Rátaí Aonaid Beartaithe 2021 le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta in Éirinn |
| | CN8/2020 | Dréachtchinneadh 2020 maidir le Riail Áitiúil A ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CN9/2020 | Cinneadh 2020 maidir le Riail Áitiúil A ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CN10/2020 | Tuarascáil StageGate – an chéad timthriall, 2020 |
| **Lúnasa** | CN11/2020 | Ráiteas faoi Chaidhp Phraghais Aerfort Bhaile Átha Cliath, 2018 agus 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| **Meán Fómhair** | | Freagraí ar an gComhairliúchán maidir le Rialú Praghsanna i bhFianaise COVID-19 (CP3/2020) |
| | CN10/2020 | Dréachtchinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Shamhradh 2021 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CN11/2020 | Cinneadh maidir le Paraiméadair Chomhordaithe Shamhradh 2021 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | CP7/2020 | Tuarascáil Dheireanach maidir leis na Costais atá díolmhaithe ón Sásra Roinnte Riosca Costais le haghaidh Sheirbhísí Aerloingseoireachta 2015-2019 in Éirinn |
| **Deireadh Fómhair** | CP8/2020 | Toradh an Chomhairliúcháin ar Chostais Iarbhír 2019 agus Rátaí Aonaid Beartaithe 2021 le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta in Éirinn |
| | CP9/2020 | Dréachtchinneadh ar Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 maidir le 2020 agus 2021 |
| | | Freagraí ar an gComhairliúchán ar Chostais Iarbhír 2019 agus Rátaí Aonaid Beartaithe 2021 le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta in Éirinn (CP6/2020) |
| **Samhain** | CP10/2020 | Comhairliúchán: Plean Oibre le Plean Feidhmíochta na hÉireann a chur ar bun ina mbeidh Spriocanna Athbhreithnithe don Tríú Tréimhse Thagartha 2020-2024 |
| **Nollaig** | CP11/2020 | Plean Oibre le Plean Feidhmíochta na hÉireann a chur ar bun ina mbeidh Spriocanna Athbhreithnithe don Tríú Tréimhse Thagartha 2020-2024 |
| | | Freagraí ar an Dréachtchinneadh ar Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 maidir le 2020 agus 2021 (CP9/2020) |
| | CP12/2020 | Cinneadh ar Athbhreithniú Eatramhach ar Chinneadh 2019 maidir le 2020 agus 2021 |
| **Ráithiúil** | | Tuarascáil Cáilíochta Seirbhíse Aerfort Bhaile Átha Cliath |
| | | Tuarascáil ar Thionscadail Chaipitil Aerfort Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích |

# Príomh-Tháscairí Feidhmíochta

| Táscaire Feidhmíochta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Ceadúnú do Thrádáil Taistil** | | |
| Freagra a thabhairt d'iarratasóirí taobh istigh de sheachtain amháin ón teagmháil tosaigh | 67% | 99.6% |
| Eisiúint na litreach um Chinneadh i bPrionsabal laistigh de mhí amháin ó dháta taiscthe an iarratais chomhlánaithe | 88% | 100% |
| Eisiúint an cheadúnais laistigh de choicís tar éis an bhanna/na ndoiciméad go léir a fháil | 92% | 98.7% |
| Iniúchadh ar na cuntais bhliantúla laistigh de shé seachtaine tar éis iad a fháil | 82% | 98% |
| Líon áitreabh ceadúnaithe ar tugadh cuairt orthu (sprioc: cuairt ar 20% in aghaidh na bliana) | 2% | 115% |
| **Éilimh agus Aisdúichithe Lucht Trádála Taistil** | | |
| Líon na nÉileamh a Fuarthas tar éis teipeanna | 3,620 | n.b. |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de dhá mhí | 316 | n.b. |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de cheithre mhí | 607 | n.b. |
| Líon na n-éileamh a próiseáladh laistigh de shé mhí | 1,623 | n.b. |
| Costais riaracháin mar chéatadán de chostais iomlána na n-éileamh | Le deimhniú | n.b. |
| Líon na bpaisinéirí aisdúichithe | n.b. | n.b. |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú, tar éis an dáta sceidealaithe aischurtha | n.b. | n.b. |
| Líon na bpaisinéirí ag feitheamh ar aisdúichiú ar feadh níos mó ná seachtain amháin | n.b. | n.b. |
| **Cosaint Tomhaltóirí (cásanna a cuireadh isteach idir an 1 Iúil 2019 agus an 30 Meitheamh 2020)** | | |
| Réamh-athbhreithnithe ar ghearáin curtha i gcrích laistigh de sheachtain amháin | 100% | 100% |
| Gearáin curtha ar aghaidh chuig CFN eile laistigh de mhí amháin ón ngearán a fháil | 99% | 78% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de thrí mhí ón ngearán a fháil | 62% | 57% |
| Imscrúduithe curtha i gcrích laistigh de sheacht mí ón ngearán a fháil | 94% | 96% |
| Líon na n-imscrúduithe aerfoirt | 0 | 7 |

# Plean Oibre 2021

## Sprioc Straitéiseach 1:

## Aerfort agus Seirbhísí Aerloingseoireachta atá Éifeachtúil, ar Ardchaighdeán agus Feasach ar Shábháilteacht

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Muirir Éifeachtúla a Shocrú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath | Comhairliúchán a dhéanamh go leanúnach faoin bhfreagra cuí ar rialáil praghsanna i bhfianaise COVID-19. Tús a chur le haon phróiseas a mheastar a bheith cuí tar éis comhairliúchán agus teagmháil a dhéanamh leis an tionscal. | Comhoibriú agus teagmháil ghníomhach. Réitigh atá freagrúil agus éifeachtach. Obair a dhéanamh mar is gá ar athbhreithniú eatramhach. |
| | An chaidhp phraghais a chuireann teorainn leis an ioncaim in aghaidh an phaisinéara is féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath a bhailiú ó mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mhonatóiriú. | Ráitis faoi chaidhpeanna praghais a fhoilsiú. |
| | Comhlíonadh Threoir um Muirir Aerfoirt na hEorpa a chinntiú, treoir a leagann amach na bunchaighdeáin maidir le comhairliúchán agus neamh-idirdhealú. | Oibriú le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar a struchtúr praghsanna, lena n-áirítear pleananna Aerfort Bhaile Átha Cliath muirir fuaime agus comhshaoil a ghearradh mar ghné den struchtúr sin. |
| | Rialú agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar cost-éifeachtúil tionscadal caipitiúil. | Tuarascálacha ráithiúla a fhoilsiú maidir le dul chun cinn i gcomparáid le hamlínte atá déanta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar gach tionscadal ceadaithe atá fós le cur i gcrích, agus ar chaiteachas chomh maith. Déanfar an struchtúr a choigeartú faoi mar is gá lena chinntiú go léirítear sa tuairisciú cúrsaí mar a bheidh siad i ndiaidh ré COVID-19. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara sa phróiseas cinnteoireachta a threisiú. | Leibhéal nios airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | An próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Iomaíocht a chur chun cinn agus iontráil nua a éascú. | Paraiméadair chomhordaithe sliotán ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhógairt. | Anailís a chur ar bun agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara faoin gcur chuige a mba cheart dúinn a ghlacadh chun acmhainn an Rúidbhealaigh Thuaidh nua a fhógairt. |
| | | Cinntí faoi pharaiméadair sliotán do Gheimhreadh 2020 agus Samhradh 2021 a fhoilsiú. |
| | Smachtbhannaí a fhorfheidhmiú i gcás aerlínte a mhí-úsáideann sliotán. | Smachtbhannaí mí-úsáide sliotán a thuairisciú. |

| Cuspóir 4 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rialáil Feidhmíochta agus Muirir faoin Scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair. | Plean feidhmíochta a ullmhú d'Éirinn le haghaidh thréimhse thagartha 3 go 2024. | Anailís a dhéanamh, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus plean athbhreithnithe feidhmíochta a ullmhú d'Éirinn. |
| | Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcostas iarbhír i gcoinne na gcostas socraithe en route agus teirminéil le haghaidh 2020 agus na rátaí aonaid beartaithe le haghaidh 2022. | Anailís a dhéanamh agus na dualgais mhonatóireachta a chomhlíonadh. |

## Sprioc Straitéiseach 2:

### Aerlínte agus Láimhseálaithe ar an Talamh atá Sábháilte agus Láidir ó thaobh an Airgeadais de

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córas éifeachtúil ceadúnaithe a oibriú. | Ról a ghlacadh i gcóras digiteach a fhorbairt mar chuid de chumasc CAR-IAA chun tuilleadh éifeachtúlachtaí a bhaint amach inár bpróisis cheadúnaithe. | Tascanna a chur i gcrích de réir mar is gá chun taifid a aistriú gan stró agus aistrithe a éascú. |
| | Oibriú i ndlúthchomhar le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus leis na páirtithe leasmhara faoin mbealach a chinnteofar go mbeidh na rialacha feidhmithe maidir le soláthar sábháilte seirbhísí láimhseála ar an talamh faoi Rialachán nua an EASA ag teacht leis an bpróiseas um cheadú atá curtha i bhfeidhm cheana ag an gCoimisiún. | Treoirlínte agus próiseas forfheidhmithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh. |
| | Leanúint ar aghaidh a bheith ag obair le haerfoirt chun creat rialála níos láidre a fhorbairt chun tacú le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta ag seirbhísí láimhseála ar an talamh. | Seachadadh na nithe a aithníodh chun forfheidhmiú cuí maidir le comhlíonadh na Rialacha Iompraíochta a chinntiú. |
| | Comhlíonadh úinéireachta agus rialaithe ag aeriompróirí a mheasúnú, go háirithe ag teacht ó impleachtaí mar gheall ar Brexit. | Leanúint le comhlíonadh ceanglas ceadúnaithe ag sealbhóirí ceadúnais. |
| | Socruithe lenár gcomhghleacaithe Eorpacha a neartú chun an mhonatóireacht a dhéantar ar aeriompróirí a láidriú. | Comhaontuithe comhair a thionscnamh le páirtithe ábhartha. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Tionscadal Digitithe. | Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | An córas nua a chur i bhfeidhm. |

## Sprioc Straitéiseach 3:

## Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turas atá láidir ó thaobh an airgeadais de

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Ceanglais an Achta Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, agus an Achta um Shaoirí Réamhháirithe agus an Trádáil Taistil, 1995, a chur i bhfeidhm. | Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara chun na socruithe riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go dtuigeann an tionscal na ceanglais sin. Tuiscint an Choimisiúin ar an margadh a fheabhsú. | Líon na n-aonán ar tugadh cuairt orthu. Líon na gcruinnithe tionscail. Freastal ar chomhdhálacha. Foirmeacha maidir le hoiriúnacht don fheidhm. Nóta Treorach nuashonraithe más gá. |
| | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na próisis agus na nósanna imeachta atá ann. | Próisis maidir le hoiriúnacht don fheidhm. |
| | Ceadúnais a eisiúint de réir reachtaíocht na hÉireann. | Céatadán na n-iarrthóirí ar tugadh freagra orthu laistigh de 7 lá.<br>Céatadán na litreacha um chinneadh i bprionsabal a eisíodh.<br>Líon na gceadúnas a eisíodh taobh istigh de choicís. |
| | Monatóireacht a dhéanamh ar na socruithe slándála atá i bhfeidhm. | Córas monatóireachta a chur i bhfeidhm go leanúnach. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Cosaint dhóthanach a thabhairt don phobal atá ag taisteal. | Bearta reatha reachtaíochta maidir le dócmhainneacht a chur i bhfeidhm. | Socruithe a chur i bhfeidhm le haghaidh gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn agus taobh amuigh di. |
| | Obair leis an Roinn Iompair chun socruithe cosanta custaiméirí a láidriú. | Ionchur a thabhairt maidir le forbairtí beartais agus aon socruithe nua a bhfuil gá leo a chur i bhfeidhm. |
| | Cásanna ina líomhnaítear go bhfuil trádáil mhídhleathach ar siúl a imscrúdú. | Tuairisciú faoi chásanna a ndearnadh imscrúdú orthu. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Tionscadal Digitithe. | Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | An córas nua a chur i bhfeidhm. |

# Sprioc Straitéiseach 4:

## Creat Láidir chun Cearta Paisinéirí a Chur i bhFeidhm

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Déileáil le gearáin ó phaisinéirí ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom. | Imscrúduithe a thionscnamh go tráthúil. | Réamhléirmheas a dhéanamh ar ghearáin laistigh de sheachtain amháin - sprioc 85%. |
| | Imscrúduithe ar aerlínte a chur ar bun i gcomhréir leis na hamlínte freagartha comhaontaithe. | Cuireadh 80% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de 3 mhí.<br>Cuireadh 95% de na himscrúduithe i gcrích laistigh de 7 mí. |
| | Treoracha a eisiúint sa chás nach gcomhlíonann aerlínte leis na ceanglais. | |
| | Aerfoirt na hÉireann a iniúchadh maidir le comhlíonadh an dá rialachán. | 100% de na haerfoirt ábhartha in aon bhliain ar leith. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Feasacht thaistealaithe an phobail ar a gcearta a fheabhsú. | Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. | Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Obair a dhéanamh lena chinntiú go gcomhlíontar níos fearr leis na rialacháin sa tionscal, le líon na ngearán ar gá dúinn idirghabháil a dhéanamh ina leith a laghdú. | Leanúint ar aghaidh le plean maidir le hiniúchtaí, gníomhaíochtaí forfheidhmithe, cuairteanna agus cruinnithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | An plean a chur i bhfeidhm. |

| Cuspóir 4 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Tionscadal Digitithe. | Obair a dhéanamh chun réiteach nua TF le haghaidh gearán agus ceisteanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in ionad an chórais gearán agus na bpróiseas de láimh atá i bhfeidhm faoi láthair. | An córas nua a chur i bhfeidhm. |

## Sprioc Straitéiseach 5:

## Rialú a Léiríonn an Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta is Fearr

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Córais éifeachtacha agus oiriúnach don aidhm a fheidhmiú | Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus próisis chun an fheidhmíocht agus an tseirbhís is fearr cleachtais do chustaiméirí a chur ar fáil, agus na córais agus na próisis sin a mhionathrú. | Comhoibriú lenár gcomhghleacaithe in SRD chun ardán digiteach a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoin dea-chleachtas maidir le heispéireas an chustaiméara agus seirbhís do chustaiméirí. |

| Cuspóir 2 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Dul i gcomhairle go héifeachtach le páirtithe leasmhara. | Leibhéal níos airde comhairliúcháin ar mhuirir agus infreastruchtúr a chur chun cinn. | Leanúint ar aghaidh le próiseas StageGate maidir le tionscadail infheistíochta caipitiúla a chur i bhfeidhm agus obair a dhéanamh le hAerfort Bhaile Átha Cliath maidir lena struchtúr praghsanna. |
| | Páirt a ghlacadh i bhFóram Thessaloniki Rialtóirí Muirear Aerfoirt na hEorpa | Cur leis an bpáipéar oibre maidir le muirir aerfoirt le linn géarchéime. |
| | Comhordú le gníomhaireachtaí ábhartha eile maidir le rialú Aerfort Bhaile Átha Cliath. | Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha, agus faisnéis a roinnt leo, de réir mar is gá. |
| | Beartas rialála a fhorbairt mar ullmhúchán dár gcéad chinneadh eile faoi Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag foghlaim ó thaithí comhlachtaí rialála eile. | Comhordú le rialtóirí eile in Éirinn agus Ballstáit eile. |
| | Páirt ghníomhach a ghlacadh in Ardán Comhordaithe (NCP) NSA a bhfuil sé mar aidhm aige an scéim maidir le hAerspás Eorpach Aonair (SES) a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr. | Páirt a ghlacadh sna rudaí seo a leanas: 1) plé AE ar cheisteanna agus réitigh ábhartha, 2) dea-chleachtas maidir le SES a chur i bhfeidhm a aithint agus 3) sain-chomhchúnaimh idir NSAnna a sholáthar. |


| Cuspóir 3 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Foireann oilte agus spreagtha a chaomhnú. | Leanúint orainn de bheith ag ailíniú agus ag cur gníomhartha foghlama agus forbartha i gcrích chun tacú lenár bPlean Straitéiseach. | An Plean Foghlama agus Forbartha a rianú ar bhonn míosúil. |
| | I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar theacht aniar na heagraíochta, an tríú céim den phlean fórsa saothair a chur i gcrích. | Acmhainní i bhfeidhm faoi Ráithe 2. |
| | Clár Folláine cuimsitheach le haghaidh fostaithe a chur ar bun chun tacú lenár bhfostaithe agus lenár gcuspóirí straitéiseacha. | Plean Folláine 2021 a rianú ar bhonn míosúil. |

## Sprioc Straitéiseach 6:

### Rialáil Eacnamaíoch seirbhísí Aerloingseoireachta a chur i bhfeidhm

| Cuspóir 1 | Tosaíochtaí 2021 | Príomhtháscaire Feidhmíochta |
|---|---|---|
| Rialáil Eacnamaíoch seirbhísí Aerloingseoireachta a Chur i bhFeidhm. | Leanúint ar aghaidh ag obair ar an bplean feidhmíochta athbhreithnithe a fhorbairt le haghaidh Thréimhse Thagartha 3. | Anailís a dhéanamh, dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus plean athbhreithnithe feidhmíochta a ullmhú. |

# Cairt Eagrúcháin



An Coimisiún um Rialáil Eitilíochta

Commission for Aviation Regulation

**An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,**
3ú hUrlár,
6 Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

**Teil:** +353 1 6611700
**www.aviationreg.ie**
**ríomhphost:** info@aviationreg.ie